

TACAÍOCHT OIBRÍOCHTÚIL

**Uirlisí agus modhanna chun
glacadh le vacsaíní agus a
nnglacadh a chur chun cinn: cur
chuige eolaíochta sóisialta agus
iompraíochta**

Aibreán 2025

TACAÍOCHT OIBRÍOCHTÚIL **ECDC**

Uirlisí agus modhanna chun glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a chur chun cinn: cur chuige eolaíochta sóisialta agus iompraíochta

Aibreán 2025



Rinne Sarah Earnshaw Blomquist (ECDC) agus John Kinsman (ECDC) an tuarascáil seo ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú a chomhordú.

Údair a chuir leis Emma Appelqvist, saineolaí seachtrach ECDC; agus Susana Barragan, Irina Ljungqvist, Gaetano Marrone, Manasvini Moni, Maike Winters agus Andrea Wuerz, ECDC.

Seoladh an tuarascáil seo le haghaidh comhairliúcháin chuig Siff Malue Nielsen, Oifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) don Eoraip agus Hannah Nohlen, Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh.

Rannchuidigh na húdair seo a leanas leis an leabharlann idirghabhálacha chun glacadh vacsaínithe a mhéadú (Mír 2.2): KEITI Aren, Bord Sláinte na hEastóine; Ewa Augustynowicz, Institiúid Náisiúnta Sláinte Poiblí na Polainne; Ludmila Bezdíčková, Institiúid na Seicia um Oideachas Míochaine Iarchéime; Margita Brtošová, Údarás Sláinte Poiblí Réigiúnach in Dolný Kubín, an tSlóvaic; Madelene Danielsson agus Hélène Englund, Gníomhaireacht Sláinte Poiblí na Sualainne; Zhivka Getsova, Ionad Náisiúnta na Bulgáire um Ghalair Thógálacha agus Paraighníomhacha; Lucy Jessop, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in Éirinn; Camilla Jordman, Institiúid Sláinte agus Leasa na Fionlainne; Pania Karnaki, Institiúid na Gréige um an Athiompú Luathaithe; Mia Kontio, Institiúid Sláinte agus Leasa na Fionlainne; Stephan Lewandowsky, Ollscoil Bristol, an Ríocht Aontaithe; Rasa Liauseiene, Ionad Náisiúnta Sláinte Poiblí na Liotuáine; Alison Maassen, EuroHealthNet, an Bheilg; Ginreta Megelinskienė, Aireacht Sláinte na Liotuáine; Sirbu Anca Mirela agus Adiana Pistol, Institiúid Náisiúnta Sláinte Poiblí na Rómáine; Julia Neufeind, Institiúid Robert Koch, an Ghearmáin; Dimitrios Paraskevis, Ollscoil Náisiúnta Kapodistrias na hAithne; Bo Terning Hansen, Institiúid Sláinte Poiblí na hIorua; agus Stine Ulendorf Jacobsen, Údarás Sláinte na Danmhairge.

Lua molta: An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Uirlisí agus modhanna chun glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a chur chun cinn: cur chuige eolaíochta sóisialta agus iompraíochta. Stóciólm: ECDC; 2025.

Stóciólm, Aibreán 2025

ISBN 978-92-9498-796-9

doi: 10.2900/7701140

Uimhir chatalóige TQ-01-25-026-GA-N

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2025

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinsé a lua.

Clár

Réamhrá.....	1
Raon feidhme agus cuspóir.....	1
Spriocphobail.....	2
Conas an doiciméad seo a úsáid.....	2
Cúlra	2
Na treochtaí is déanaí maidir le cumhdach vacsaínithe ar fud AE/LEE	2
Príomh-spriocphobail le haghaidh vacsaíní ar feadh an tsaoil.....	3
An chaoi a n-úsáidtear téarmaí a bhaineann le vacsaíní sa tuarascáil seo	3
Glacadh le vacsaíní.....	3
Drogall roimh vacsaíní	4
Glacadh vacsaínithe	4
Cumhdach vacsaíne	4
Cuid 1. Cineálacha cur chuige eolaíochta sóisialta agus iompraíochta maidir le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a fheabhsú i dtíortha AE/LEE.....	5
1.1 An tsamhail 5Canna.....	5
1.2 Obair i dtaobh glacadh le vacsaíní agus a nglactha i dtíortha AE/LEE a fheabhsú.....	7
Cuid 2. Uirlisí agus modhanna chun glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a chur chun cinn ar feadh an tsaoil.....	8
2.1 Uirlis suirbhé chun sonraí iompraíochta a bhailiú maidir le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh	8
Conas an uirlis suirbhé a oiriúnú, agus an prótacal staidéir agus an plean anailíse a fhorbairt	11
Spriocphobal	11
Samplamhéid	11
Bailiú sonraí	11
Sampláil.....	12
Cur i láthair an tsuirbhé.....	12
Prótacal staidéir agus plean anailíse	12
Anailísiú cáilíochtúil	12
Imréiteach eiticíúil	12
Na sonraí a thuairisciú agus a léirmhíniú.....	13
Plean samplach anailíse.....	13
Comhairle bhreise maidir le hanailísiú infheireach	15
Comhairle bhreise maidir le modhanna cáilíochtúla	16
Modhanna cainníochtúla vs. modhanna cáilíochtúla.....	16
Roghnúchán rannpháirtithe	16
Bailiú sonraí	16
Anailísiú sonraí	17
Uirlisí chun féinmhachnamh a chumasú agus chun claontachtaí a mhaolú.....	17
Acmhainní eile.....	17
2.2 Modhanna chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní iompraíochta ar vacsaíní.....	18
Leabharlann idirghabhálacha chun glacadh vacsaínithe a mhéadú.....	18
Conas creat EDS cúig chéim a úsáid chun forbairt straitéisí agus idirghabhálacha maidir le glacadh vacsaínithe a struchtúró	30
Tagairtí	33

Figióirí

Fíor 1. Contanam i dtaobh glacadh le vacsaíní.....	3
Fíor 2. Forbhreathnú ar an tsamhail 5Canna	5

Táblaí

Tábla 1. Uirlis suirbhé chun sonraí iompraíochta a bhailiú maidir le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh	8
Tábla 2. An bhrí atá le scór ard, bunaithe ar an gcód anailíse réamhscríofa	13
Tábla 3. Idirghabhálacha a bhaineann le cláir vacsaínithe do leanaí	19
Tábla 4. Idirghabhálacha a bhaineann le vacsaíní in aghaidh papalómaivíreas daonna (HPV)	21
Tábla 5. Idirghabhálacha a bhaineann le vacsaíní in aghaidh COVID-19 agus fliú	22
Tábla 6. Idirghabhálacha maidir le vacsaíní in aghaidh galair eile (m-bholgach, triuch)	27
Tábla 7. Idirghabhálacha iltíre arna maoiniú ag an Aontas nó arna maoiniú go páirteach aige.....	28

Réamhrá

Tugann údarás sláinte poiblí agus bainisteoirí clár vacsaínithe aird ghéar ar threochtaí eipidéimeolaíochta a bhaineann le cumhdach fo-optamach vacsaínithe, mar shampla trí anailís a dhéanamh ar rátaí clúdaigh vacsaínithe de réir fachtóirí cosúil le haois, inscne, suíomh geografach agus leibhéal oideachais. Mar sin féin, is lú i gcoitinne an fócas ar thuiscint a fháil ar na bacainní sóisialta agus iompraíochta agus ar éascaitheoirí – lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le tosca struchtúracha – a d'fhéadfadh a bheith taobh thiar de chinneadh an duine aonair glacadh vacsaínithe, moill a chur air nó é a dhiúltú dóibh féin nó dá leanaí.

Tá clár vacsaínithe rathúla bunaithe ar chreidimh, ábhair imní agus ionchais daoine aonair agus pobal maidir leis an vacsaín agus an galar a thuiscint agus a chur san áireamh. Tá ról lárnach ag muinín as moltaí maidir le vacsaíniú agus as na húdaráis ábhartha freisin. Sa chomhthéacs sin, is féidir le cineálacha cur chuige ó na heolaíochtaí sóisialta agus iompraíochta rannchuidiú tábhachtach a dhéanamh le hanailísiú sonraí eipidéimeolaíocha agus cumhdaigh vacsaíne nuair a bhíonn straitéisí agus idirghabhálacha á ndearadh, á gcur chun feidhme agus á meas chun glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a fheabhsú ar feadh an tsaoil.

Raon feidhme agus cuspóir

Sa tuarascáil seo tugtar trácht ar níos mó ná 15 bliana d'iarrachtaí thar ceann ECDC chun tacú le tíortha AE/LEE glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a mhéadú. Go sonrach, déantar a fhorbairt tuilleadh inti sonraí ó thuarascáil theicniúil ECDC dar teideal "Facilitating COVID-19 vaccination acceptance and uptake" [Ag éascú glacadh le vacsaíní COVID-19 agus a nglacadh], a foilsíodh in 2021 [1]. Forbraítear inti torthaí na tuarascála bunaidh trí uirlisí agus modhanna oibríochtúla a áireamh ina gcuimsítear na cineálacha cur chuige eolaíochta sóisialta agus iompraíochta is déanaí, ina bhfuil formáidí inúsáidte agus inoiriúnaithe a oireann do chomhthéacsanna fíorshaoil na n-údarás sláinte poiblí agus na gclár vacsaínithe.

Cuirtear an tuarascáil i láthair ina dá chuid:

Cuid 1. In Cineálacha cur chuige eolaíochta sóisialta agus iompraíochta maidir le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a fheabhsú i dtíortha AE/LEE déantar achoimre ar shamhail ar gcúig "C" (an tsamhail 5Canna) atá mar bhonn agus mar thaca ag an uirlis suirbhé i gCuid 2 agus soláthraítear ann comhthéacs a bhaineann go sonrach le AE/LEE dóibh siúd a bheidh ag gabháil d'obair nó do chinnteoireacht a bhaineann le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a chur chun cinn.

Cuid 2. In Uirlisí agus modhanna chun glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a chur chun cinn ar feadh an tsaoil, soláthraítear uirlisí praiticiúla agus modhanna praiticiúla is féidir le foirne ildisciplíneacha a úsáid chun bacainní sóisialta agus iompraíochta agus éascaitheoirí vacsaínithe a dhiagnóisiú, agus ar an gcaoi sin tacaítear le dearadh agus cur chun feidhme straitéisí agus idirghabhálacha chun aghaidh a thabhairt ar chumhdach fo-optamach vacsaínithe. Sa chuid seo den doiciméad tá:

- Mír 2.1: **Uirlis suirbhé** chun sonraí sóisialta agus iompraíochta a bhailiú maidir le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh, agus chun tacú le diagnóisiú bacainní agus éascaitheoirí vacsaínithe i bpobail shonracha, comhdhéanta de:
 - Ionstraim shuirbhé ina bhfuil ceisteanna ceaptha agus eagraithe bunaithe ar na cúig C den tsamhail 5Canna;
 - Treoracha maidir le conas an ionstraim shuirbhé a oiriúnú agus an prótacal staidéir agus an plean anailíse a fhorbairt;
 - Plean anailíse samplach; agus
 - Comhairle maidir le modhanna cáilíochtúla comhlántacha.
- Mír 2.2: Modhanna chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní iompraíochta ar vacsaíniú, lena n-áirítear:
 - **Leabharlann idirghabhálacha chun glacadh vacsaínithe a mhéadú** – rangaithe de réir cé na Canna ar leith ón tsamhail 5Canna a dtugann siad aghaidh uirthi – atá curtha chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta, chun dearadh idirghabhálacha spriocdhírthe a spreagadh agus bonn eolais a chur faoi chun aghaidh a thabhairt ar chlúdach fo-optamach vacsaínithe;
 - Treoracha maidir le conas **creat "5 Steps for the application of behavioural science" [Cúig chéim chun eolaíocht iompraíochta a chur i bhfeidhm]** de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) a úsáid d'fhonn cabhrú le struchtúr a chur ar fhorbairt straitéisí agus idirghabhálacha, lena n-áirítear an chaoi a n-oireann na huirlisí agus na modhanna a chuirtear i láthair sa phróiseas sin [2].

Spriocphobail

Áirítear i measc phríomhspriocphobail na tuarascála seo eolaithe sóisialta agus iompraíochta, speisialtóirí feachtais agus cumarsáide, bainisteoirí agus foirne clár vacsaínithe, agus saineolaithe eipidéimeolaíochta agus bithleighis a oibríonn in údaráis sláinte poiblí náisiúnta agus réigiúnacha i dtíortha AE/LEE.

Spriocphobail eile a d'fhéadfadh leas a bhaint as an tuarascáil seo is ea lucht déanta beartas agus ceannairí sláinte poiblí a leagann síos tosaíochtaí agus buiséid i réimse an vacsaínithe, chomh maith le hacadóirí, grúpaí gairmiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair ar vacsaíniú.

Tá ról ag gach ceann de na spriocphobail sin chun a áirithiú go mbíonn rochtain chuí chothrom ag an bpobal ar chlár vacsaínithe, agus freisin go dtuigeann daoine go hiomlán na buntáistí a bhaineann le vacsaíniú chomh maith leis na rioscaí a bhaineann le vacsaíniú a chur siar nó a dhiúltú.

Conas an doiciméad seo a úsáid

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an Réamhrá, ina ndéantar cur síos ar na treochoitaí is déanaí maidir le vacsaíniú agus ar chuid de na príomhthéarmaí a úsáidtear sa tuarascáil seo, is féidir leat dul i gcomhairle le **Cuid 1** chun forbheathnú a fháil ar an tsamhail 5Canna agus achoimre ar an obair a rinneadh le déanaí i dtaobh glacadh le vacsaíní agus a nglactha i dtíortha AE/LEE a fheabhsú.

Féach Cuid 2, **Mír 2.1**, chun féachaint ar an uirlis suirbhé agus teoracha maidir le conas í a chur in oiriúint do ceistanna taighde atá agat, do shuíomh, do phobal nó do phobail staidéir, agus d'aon vacsaín nó do vacsaíní ar leith, nó chun plean anailíse a chur ar bun. Tabhair faoi deara go bhfuil an uirlis suirbhé ar fáil freisin mar [dhoiciméad ineagarthóireachta Word](#) agus is féidir an [cód anailíse](#) a íoslódáil, atá scríofa in Stata agus in R araon.

Nuair a bheidh na héascatitheoirí agus na bacainní vacsaínithe sainithe agus diagnóisithe agat trí úsáid a bhaint as an uirlis suirbhé, is féidir leis an leabharlann idirghabhálacha chun glacadh vacsaínithe a mhéadú i **Mír 2.2** tacú leat straitéisí agus idirghabhálacha a dhearadh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar chlúdach fo-optamach vacsaínithe, trí shamplaí a thabhairt ar conas is féidir díriú ar 5Canna ar leith. Leis an gcreat EDS "5 Steps for the application of behavioural science" [Cúig chéim chun eolaíocht iompraíochta a chur i bhfeidhm], a bhfuil tuairisc tugtha air i **Mír 2.2** freisin, tugtar tacaíocht maidir leis an bpleanáil fhoriomlán tionscadail mar chuid den obair seo [2].

Cúlra

Cé go bhfuil leibhéil fhoriomlána cumhdaigh vacsaínithe réasúnta ard san Aontas/i dtíortha LEE, go háirithe i gcás na gclár náisiúnta vacsaínithe leanaí, is ann do phócaí de ghrúpaí neamhvacsaínithe nó tearc-vacsaínithe go fóill. Ina theannta sin, tá rátaí cumhdaigh vacsaínithe do phobail daoine fhásta, lena n-áirítear vacsaínithe séasúracha a thairgtear d'oibrithe cúraim sláinte agus teanndáileoga a thairgtear do dhaoine fásta níos sine agus do ghrúpaí riosca, fo-optamach i roinnt mhaith tíortha AE/LEE. Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun bearnaí imdhíonachta sa phobal a shainaithint, lena n-áirítear i measc na daoine a d'fhéadfadh vacsaíniú a chailleadh nó moill a chur air, agus ansin chun straitéisí agus idirghabhálacha saincheaptha a chur chun feidhme d'fhonn na leibhéil spriocdhírithé cumhdaigh vacsaínithe a bhaint amach agus a chothú.

Tharraing paindéim COVID-19 aird ar an gcaoi a bhfuil baint ag tosca sóisialta agus iompraíochta le cibé acu an leanann moltaí, cuir i gcás, ó thaobh caitheamh masc, srianta gluaiseachta agus scaradh fisiciúil de. Bhí tionchar suntasach ag tosca iompraíochta freisin ar ghlacadh le vacsaíní agus ar a nglacadh le linn rolladh amach na gclár vacsaínithe COVID-19. Ina theannta sin, chruthaigh neamhionannais shóisialta bacainní ar vacsaíniú do ghrúpaí áirithe den phobal, ar ghá iad a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu d'fhonn rochtain chothrom ar chlár vacsaínithe COVID-19 a áirithiú [3]. Léirítear leis na samplaí sin a tháinig chun solais le déanaí an gá atá ann faoi láthair le huirlisí oibríochtúla chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán den sórt sin.

Na treochoitaí is déanaí maidir le cumhdach vacsaínithe ar fud AE/LEE

Tuairiscíodh líon ní b'ísle d'ionfhabhtuithe galar inchoiscthe trí vacsaíniú le linn phaindéim COVID-19. Mar sin féin, tháinig méadú ar líon na gcásanna de ghalair amhail brúitíneach agus triuch ina dhiaidh sin, le linn 2023 agus 2024. I roinnt tíortha AE/LEE, tá gnáthchlúdach vacsaínithe leanaí in aghaidh na brúitíní faoi bhun an leibhéil a mholtar ($\geq 95\%$ den phobal incháilithe vacsaínithe le dhá dháileog den bhrúitíneach ina bhfuil vacsaín) chun ráigeanna brúitíní a chosc agus chun iad siúd atá ró-óg le bheith vacsaínithe nó iad siúd nach féidir a imdhíonadh ar chúiseanna leighis a chosaint [4]. Chuir roinnt tosca leis an méadú ar chásanna de thriuch a bhí ann le déanaí, lena n-áirítear láithreachtaí daoine aonair vacsaínithe nach bhfuil vacsaínithe nó nach bhfuil cothrom le dáta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh laghdú teacht ar an imdhíonacht mar thoradh ar nochtaidh níos lú don víreas – rud a d'fhéadfadh treisiú imdhíonachta nádúrtha a bheith i gceist leis – mar gheall ar scaradh fisiciúil le linn phaindéim COVID-19[5].

Tá glacadh an vacsaínithe in aghaidh fluú séasúrach – a mholtar do dhaoine fásta níos sine agus do ghrúpaí eile atá i mbaol níos mó ó aimhréidheanna tromchúiseacha, chomh maith le hoibrithe cúraim sláinte – fós fo-optamach ar fud AE/LEE [6]. Is minic a bhíonn cumhdach i bhfad faoi bhun an chuspóra a leagtar amach i Moladh 2009 ón gComhairle, is é sin cumhdach vacsaínithe 75 % do dhaoine fásta níos sine agus do ghrúpaí riosca eile. Thairis sin, léirigh rátaí cumhdaigh vacsaínithe do dhaoine fásta ní ba shine, agus d'oibrithe cúraim sláinte freisin, treocht laghdaitheach ó thaobh fhad an tséasúir fluú de don tréimhse ó 2023 go 2024 i gcomparáid le tréimhsí roimhe sin [6,7].

I bhfianaise scaipeadh leanúnach víreas SARS-CoV-2, tá moltaí vacsaínithe COVID-19 fós i bhfeidhm ag tíortha AE/LEE, agus tá roinnt difríochtaí ann ar fud na dtíortha sin (e.g. tairseacha éagsúla aoise). Tá moltaí náisiúnta dírithe go príomha ar ghrúpaí sonracha den daonra a bhfuil riosca níos airde ag baint leo maidir le géarghalar a fhorbairt (e.g. daoine fásta níos sine agus daoine a bhfuil bunríochtaí sláinte orthu). D'ainneoin na moltaí sin, ámh, tá glacadh vacsaínithe COVID-19 measartha íseal. Maidir leis na 28 dtír AE/LEE a sholáthair sonraí don aoisghrúpa 60 bliain d'aois agus os a chionn, ba é 14.0 % an meánchumhdach vacsaínithe COVID-19 ó mhí Mheán Fómhair 2023 go mí Iúil 2024 (raon: 0.02-66.1 %), le héagsúlacht mhór ann ar fud na dtíortha. I gcás na 27 dtír AE/LEE a sholáthair sonraí don aoisghrúpa 80 bliain d'aois agus níos sine, ba é 21.5 % an cumhdach airmheánach (raon: 0.03-93.9 %), agus éagsúlacht mhór ann ar fud na dtíortha freisin [8].

Príomh-spriocphobail le haghaidh vacsaíniú ar feadh an tsaoil

Moltar sa tuarascáil seo “cur chuige fheadh an tsaoil” d’fhonn glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a éascú. Luaitear an méid seo a leanas i gclár oibre imdhionta EDS 2030: “Baineann gach duine tairbhe as imdhiontaí molta ar feadh an tsaoil, agus iad comhtháite go héifeachtach le seirbhísí rianachana sláinte eile” [9]. Le cur chuige cur chuige fheadh an tsaoil, moltar vacsaíní éagsúla do dhaoine aonair ag brath ar a n-aois agus ar a rianachana sláinte ar feadh an tsaoil. Dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfí san áireamh sa mheasúnú ar ghlacadh vacsaínithe i bpobal ar leith na vacsaíní sonracha a mholtar d’aoisghrúpaí sonracha agus do spriocghrúpaí eile, chomh maith leis an gcomhthéacs áitiúil maidir le cláir vacsaínithe.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomh-spriocphobail le haghaidh vacsaínithe ar feadh an tsaoil:

- Tuismitheoirí a dtairgtear vacsaíniú dá leanaí nó dá ndéagóirí mar chuid de chlár náisiúnta imdhionta;
- Daoine fásta níos sine;
- Daoine torracha;
- Grúpaí atá i mbaol ó thaobh leighis de, amhail daoine atá lagaithe maidir le himdhíonacht;
- Daoine aonair agus pobail atá leochaileach go sóisialta; agus
- Oibrithe cúraim sláinte, atá tábhachtach ní hamháin ó thaobh glacadh vacsaínithe dóibh féin, ach freisin as a ról maidir le luach an vacsaínithe dá n-othair a mholadh agus a mhíniú.

An chaoi a n-úsáidtear téarmaí a bhaineann le vacsaíniú sa tuarascáil seo


D’fhéadfadh na cúiseanna atá le rátaí fo-optamacha um chumhdach vacsaínithe i bpobal a bheith ilghnéitheach, agus d’fhéadfadh fachtóirí iompraíochta, cultúrtha, polaitiúla, eacnamaíocha agus sochaíocha a bheith san áireamh leo. [10-12] I bhfianaise úsáid éagsúil téarmaí a bhaineann le hiompraíocht vacsaínithe, chomh maith le vacsaíniú ar bhonn níos leithne, tugtar soiléiriú thíos maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear na téarmaí sin sa tuarascáil seo.

Glacadh le vacsaíniú

Dírítear sa tuarascáil seo ar ghlacadh le vacsaíniú. Tagraíonn an téarma don toilteanas agus don rún a bheith vacsaínithe. Aithnítear inti castacht na struchtúr agus na bhfachtóirí comhshaoil a mbíonn tionchar acu ar chinneadh duine vacsaíniú a dhéanamh. Chomh maith leis sin, trí thagairt a dhéanamh do ghlacadh le vacsaíniú, cuirtear deireadh le milleán a chur ar dhuine aonair, a bhféadfadh ceisteanna nádúrtha a bheith acu faoi vacsaíniú agus/nó vacsaíní ar leith, agus a d’fhéadfadh, dá bhrí sin, a bheith “drogallach” roimh an vacsaíniú. Thairis sin, tuigtear gurb ann do ghlacadh feadh contanaim a théann ó ghlacadh iomlán go diúltú glan amach, agus titfidh formhór na ndaoine atá buartha faoin vacsaíniú áit éigin i lár an chontanaim sin (Fíor 1) [13].

Tugann an téarma “glacadh vacsaínithe” le tuiscint, nuair a thugtar deis dó vacsaíniú a dhéanamh, go roghnaíonn duine aonair nó pobal é sin a dhéanamh [14]. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a aithint freisin nach ionann vacsaíniú a chur ar fáil – in ionad sláinte, mar shampla – agus deis inmharthana vacsaínithe a thabhairt do dhaoine aonair. Tá na fachtóirí a chuireann le glacadh vacsaínithe casta, sainiúil don chomhthéacs, agus athraíonn siad thar am, áit agus cineál na vacsaíne.

Fíor 1. Contanam i dtaobh glacadh le vacsaíniú



Foinse: ECDC

Tagraíonn an scála ar an gcontanaim do fhreagairtí daoine aonair ar vacsaíní.

Drogall roimh vacsaíniú

I gCreat EDS um Thiománaithe Iompraíochta agus Sóisialta (BeSD) – ina dtugtar forléargas ar na príomhréimsí a bhaineann le glacadh vacsaínithe – déantar cur síos ar an drogall roimh vacsaíniú mar “staid inspreagtha de thairbhe a bheith ag teacht salach ar vacsaíniú nó i gcoinne vacsaín a fháil” [15]. D’fhéadfadh moill ar ghlacadh nó ar dhiúltú vacsaínithe a bheith mar thoradh air sin. Agus an tuiscint seo á húsáid, úsáidtear “drogall roimh vacsaíniú” sa tuarascáil seo chun tagairt a dhéanamh do staid shíceolaíoch an duine aonair maidir lena rún agus lena dteilteanas vacsaíniú a fháil.

Phléigh saineolaithe castachtaí an téarma “drogall roimh vacsaíniú”, agus áitítear nár cheart an téarma sin a úsáid ach chun tagairt a dhéanamh do chás ar leith ina mbíonn imní faoi vacsaíní, seachas mar lipéad do dhaoine [14]. B’fhéidir nach mbeadh sé cabhrach daoine a lipéadú mar “drogallach roimh an vacsaíniú”, ós rud é gur nádúrtha an rud é ceisteanna nó ábhair imní a bheith agat sula dtagann tú ar chomhaontú maidir le cógas den sórt sin a fháil.

Glacadh vacsaínithe

Sa tuarascáil seo, úsáidtear an téarma “glacadh vacsaínithe” chun tagairt a dhéanamh do dhuine aonair a bheith ag fáil vacsaíne. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir an téarma seo a úsáid chun tagairt a dhéanamh do dhuine aonair a bheith ag fáil vacsaíne, chomh maith leis an dearbhlíon daoine a bhfuil vacsaín ar leith faighte acu. Sa chás deireanach sin, úsáidtear glacadh vacsaínithe mar tháscaire vacsaínithe [16].

Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ionann glacadh le vacsaíní agus glacadh vacsaíní [17]. Is amhlaidh atá toisc nach gcuirtear san áireamh le “glacadh” tosca amhail infhaighteacht vacsaíní ná tosca struchtúracha a d’fhéadfadh bac a chur ar rochtain (i.e. go bhféadfadh daoine glacadh leis an vacsaíniú ach go bhfuil an glacadh fós íseal mar gheall ar shaincheisteanna eile). Thairis sin, d’fhéadfadh roinnt daoine vacsaíniú a dhéanamh cé go bhfuil ceisteanna agus ábhair imní acu; dá bhrí sin, ní ghlacann siad go hiomlán leis an vacsaíniú go síceolaíoch.

Cumhdach vacsaíne

Is téarma agus táscaire vacsaínithe eile é “cumhdach vacsaíne” a úsáidtear go coitianta chun an cion de phobal sainaitheanta a bhfuil líon sonrach dáileog de vacsaín ar leith faighte acu a thuairisciú.


Cuid 1. Cineálacha cur chuige eolaíochta sóisialta agus iompraíochta maidir le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a fheabhsú i dtíortha AE/LEE

1.1 An tsamhail 5Canna

Tugadh isteach roinnt samhlacha ó na heolaíochtaí sóisialta agus iompraíochta mar uirlisí chun cur síos a dhéanamh ar ghlacadh le vacsaíní agus ar a nglacadh. Tá na samhlacha sin úsáideach do chleachtóirí agus do lucht ceaptha beartas a bhíonn ag obair le beartais agus le cláir vacsaínithe, toisc go gcuirtear ar fáil leo modh córasach chun na tosca casta a bhriseadh aníos agus a thuiscint, tosca a d'fhéadfadh glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a éascú nó a chosc. Mar sin féin, tá a láidreachtaí agus a dteorainneacha ag gach múnla: níl aon samhail aonair ann lenar féidir na tosca agus na castachtaí uile a chuimsiú. Sa chleachtas, is minic a bhíonn tosca agus struchtúir sna samhlacha éagsúla idirghaolmhar agus forluiteach.

Úsáideadh an tsamhail 5Canna chun na ceisteanna a aicmiú san uirlis suirbhé a sholáthraítear sa tuarascáil seo (Mír 2.1) [18] agus chun na samplaí a aicmiú sa leabharlann idirghabhálacha chun glacadh vacsaíní a mhéadú (Mír 2.2). Soláthraítear leis an tsamhail 5Canna bealach struchtúrtha chun tuiscint a fháil ar na príomhréimsí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thoilteanas agus ar ullmhacht an duine vacsaíniú a fháil (Fíor 2). Forbraíodh an tsamhail sa bhliain 2018 agus tá sí bunaithe ar chúig chomhpháirt a imríonn tionchar ar chuspóirí agus ar iompraíocht vacsaínithe: Confidence, Complacency, Constraints, Calculation and Collective responsibility [Muinín, Réchúis, Srian, Ríomh agus Freagracht chomhchoiteann]. Is iad teoricí glactha vacsaínithe a dhéanann eolas dó, chomh maith le samhlacha síceolaíocha d'iompraíochtaí sláinte [18]. Féadfar an tsamhail a úsáid chun bacainní agus éascaitheoirí a shainaithint maidir le glacadh vacsaínithe i bpobal ag pointe ama ar leith, nó go srathach, le himeacht ama, rud lena n-éascaítear luathbhrath rátaí glactha vacsaínithe níos ísle i bpobail shainaitheanta agus lena gcumasaítear gníomhaíocht phras.

Fíor 2. Forbheathnú ar an tsamhail 5Canna



Foinse: ECDC, bunaithe ar [18]

Déantar na cúig chomhpháirt den tsamhail 5Canna a shainiú agus déantar cur síos orthu mar seo a leanas:

- Tagraíonn **Muinín (Confidence)** d'iontaobhas an duine aonair i sábháilteacht agus in éifeachtacht an vacsaínithe, dá n-iontaoibh sna gairmithe agus sa lucht déanta beartas a mholann vacsaíniú, agus dá n-iontaoibh sna húdaráis sláinte agus sna córais sláinte a bhíonn ina bhun [18,19].
- Tagraíonn **Réchúis (Complacency)** don riosca a mheastar a bheith ag duine go mbeadh toradh tromchúiseach ann mar thoradh ar ghalar ar leith a tholghadh [19]. De ghnáth, is ionann réchúis agus easpa coibhneasta spéise; mar shampla, d'fhéadfadh réchúis a bheith ard nuair a bhíonn an riosca galair a mheastar a bheith íseal, agus dá bhrí sin meastar nach mbíonn gá leis an vacsaíniú [20].
- Tagraíonn **Srianta (Constraints)** do na bacainní braite nó iarbhir ar vacsaíniú atá roimh dhuine aonair [19]. D'fhéadfadh na srianta sin a bheith síceolaíoch agus struchtúrach; mar shampla, trí thagairt a dhéanamh d'fhéineifeachtúlacht duine aonair nó don chumas a mheastar a bheith acu ó thaobh a bheith vacsaínithe de, rochtain a fháil ar chóras áirithe, nó am saor a thógáil ón obair chun coinne vacsaínithe a dhéanamh.
- Tagraíonn **Ríomh (Calculation)** don chaoi a ndéanann duine aonair comparáid agus an chaoi a ndéanann sé na tairbhí pearsanta agus na rioscaí féideartha a bhaineann le vacsaín a fháil a mheas [19]. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an gcaoi a ndéanann daoine faisnéis faoi vacsaíniú a chuardach agus a úsáid, chomh maith le hinfhaghteacht faisnéise, an cháilíocht a bhraitear léi agus cumas an duine aonair faisnéis sláinte a thuiscint [21].
- Tagraíonn **Freagracht chomhchoiteann (Collective responsibility)** do thoilteanas daoine daoine eile a chosaint trí vacsaíniú a fháil mar bhealach chun leathadh galair a chosc [19].

Baineann eolaithe sóisialta agus iompraíochta úsáid as sonraí maidir leis na cúig ghné sin chun iompraíocht vacsaínithe a thuiscint agus a thuair. Léiríodh leis sin go bhféadfadh athrú teacht ar an tábhacht a bhaineann le gach ceann acu maidir le glacadh duine aonair nó pobail le vacsaín ar leith le himeacht ama de réir mar a athraíonn comhthéacsanna agus cásanna. Ar bhonn níos leithne, d'fhéadfadh athruithe ar ghlacadh vacsaínithe a bheith mar thoradh ar athruithe i gcomhthéacs áitiúil, ó ghlacadh go diúltú nó a mhalairt. Trí dhírú ar na gnéithe sonracha a shainaithnítear mar bhacainní agus mar éascaitheoirí maidir le glacadh vacsaínithe, is féidir tacú le straitéisí agus le hidirghabhálacha spriocdhírthe a bhfuil bonn eimpíreach leo a fhorbairt ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar ghlacadh fo-optamach vacsaínithe [21].

Cé go bhfuil an tsamhail 5Canna dírithe den chuid is mó ar réamhtheachtaí síceolaíocha an vacsaínithe, is léir go mbíonn cumhdach fo-optamach vacsaínithe ann mar gheall ar roinnt cúinsí eile. Mar shampla, áirítear sa chomhpháirt srianta den tsamhail tosca struchtúracha nach bhfuil neart ag duine orthu, amhail a fhurasta atá sé vacsaín a fháil ó thaobh na praiticiúlachta de agus ó thaobh airgeadais de, chomh maith lena mhéid is féidir leo rochtain a fháil ar fhaisnéis iomchuí.

Leis an tsamhail 5Canna, déantar tuilleadh forbartha ar an tsamhail 3Canna, samhail a moladh ar dtús in 2015, agus ba iad na trí phríomhthosca a raibh tionchar acu ar chinnteoireacht vacsaínithe ná: Complacency, Convenience, agus Confidence [Réchúis, Caoithiúlacht agus Muinín] [22]. Le linn phaindéim COVID-19, forbraíodh an tsamhail 7C, lena n-áirítear "Compliance" agus "Conspiracy" [Comhlíonadh agus Comhcheilg] sa bhreis ar na 5Canna. Forbraíodh scála oiriúnaithe 7Canna freisin do thuismitheoirí chun measúnú a dhéanamh ar a dtoilteanas agus a n-ullmhacht a leaná a vacsaíniú [20].

1.2 Obair i dtaobh glacadh le vacsaíní agus a nglacadh i dtíortha AE/LEE a fheabhsú

Le breis agus 15 bliana anuas, tá ECDC ag obair chun tacú le tíortha AE/LEE glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a mhéadú. Le déanaí, in 2021, d'fhoilsigh ECDC an tuarascáil theicniúil dar teideal "Facilitating COVID-19 vaccination acceptance and uptake" [Ag éascú glacadh le vacsaíní COVID-19 agus a nglacadh], a foilsíodh in 2021 [1], agus a ndéantar forbairt uirthi leis an tuarascáil seo [1]. Sa bhliain chéanna, dhírigh ECDC freisin ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis ar líne maidir le vacsaíní, le foilsiú tuarascála teicniúla agus ríomhfhoghlama [23,24]. Tar éis phaindéim COVID-19, agus i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le tábhacht agus tionchar an vacsaínithe a chur in iúl, d'fhoilsigh ECDC treoir freisin maidir le cumarsáid éifeachtach a bhaineann le cothromaíocht idir rioscaí agus tairbhí an vacsaínithe [25]. Tá treoracha, uirlisí agus taighde uile ECDC ar chumarsáid maidir le himdhíonadh agus glacadh vacsaínithe ar fáil ar shuíomh gréasáin ECDC[26].

Ina theannta sin, chun acmhainn iontaofa eolaíocht bhunaithe faisnéise faoi vacsaíní a sholáthar don phobal, d'fhorbair ECDC tairseach faisnéise an Aontais um vacsaíní (EVIP) i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach (CE) agus leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA). Seoladh an tairseach, atá ar fáil i dteangacha uile an Aontais/LEE, le linn na Seachtaine Eorpaí um Imdhíonadh in 2020 [27].

Tá roinnt gníomhaíochtaí forbartha ag an gCoimisiún Eorpach freisin chun tacú le hiarrachtaí na dtíortha glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a mhéadú. Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí chun borradh a chur faoi mhuinín vacsaínithe, mar shampla, comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí chun glacadh vacsaíní a mhéadú, malartú dea-chleachtais a éascú, aghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis agus ar bhréagaisnéis, agus treoir a chur ar fáil chun muinín a chothú [28]. Le déanaí, d'fhoilsigh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh roinnt tuarascálacha ina bhfuil fócas eolaíochta iompraíochta ar ghlacadh agus éileamh vacsaínithe [29,30].

Ó 2018 i leith, tá an Coimisiún Eorpach ag gabháil don Tionscadal um Muinín i Vacsaíní chun suirbhéanna a dhéanamh gach 2 bhliain chun faireachán a dhéanamh ar mhuinín i vacsaíní san Aontas [31]. Úsáidtear sa suirbhé innéacs a thomhaiseann thar cheithre ghné: muinín sa i) tábhacht, ii) sábháilteacht agus iii) éifeachtacht an vacsaínithe, chomh maith le iv) comhoiriúnacht an vacsaínithe le creidimh reiligiúnacha nó phearsanta. Léiríonn na torthaí, cé go bhfuil tuairimí dearfacha ag lear mór freagróirí i leith vacsaínithe, go bhfuil éagsúlacht ann le himeacht ama – i gcoitinne ach freisin i ndáil le vacsaíní sonracha agus de réir aoisghrúpa. Tá éagsúlachtaí móra geografacha ó thaobh muiníne ann go fóill, agus tá leibhéil mhuiníne níos ísle le tabhairt faoi deara go háirithe i dtíortha in Oirthear agus i Lár na hEorpa. Ina theannta sin, tá muinín daoine fásta níos sine i vacsaíní níos airde i gcónaí ná muinín na nglúnta óga ann, agus is cosúil go bhfuil an bhearna sin ag leathnú ar fud fhormhór Bhallstáit an Aontais.

In 2019, bhunaigh an Coimisiún Eorpach an Chomhghuaillíocht le haghaidh Vacsaínithe ina dtugtar le chéile comhlachais Eorpacha de ghairmithe cúraim sláinte agus comhlachais mac léinn i réimse na sláinte agus an vacsaínithe, agus é mar aidhm aici oideachas vacsaínithe níos fearr a chur ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte agus faisnéis níos fearr a chur ar fáil don phobal i gcoitinne [32]. Bhí an Coimisiún Eorpach gníomhach freisin i bhfeachtas chun vacsaíní a chur chun cinn (#UnitedInProtection) [33].

Ina theannta sin, fuair roinnt tionscadail ilnáisiúnta maoiniú trí dheontais Taighde agus Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh agus trí chlár EU4Health do thionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo glacadh vacsaíní a mhéadú. Áirítear ina measc sin [JITSUVAX](#) (Jú-jiotsú le mífhaisnéis in aois COVID-19: foghlaim atá bunaithe ar fhrithbheartú a úsáid chun glacadh vacsaíní agus eolas maidir leo a fheabhsú), [RIVER-EU](#) (Neamhionannais i gcumhdach vacsaínithe san Eoraip a laghdú) agus [AcToVax4NAM](#) (Rochtain ar vacsaíní d'imirce nuathagtha) [34-36]. Áirítear tuairiscí ar na tionscadail fhoriomlána, chomh maith le roinnt idirghabhálacha náisiúnta agus fonáisiúnta atá nasctha le JITSUVAX agus RIVER-EU, sa leabharlann idirghabhálacha chun glacadh vacsaínithe a mhéadú i Mír 2.2 den tuarascáil seo.

I réigiún níos leithne na hEorpa, tá cur chuige na gClár EDS um Imdhíonadh Oiriúnaithe (TIP), arna bhforbairt gcur ar bun ag Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip, chun tacú le tíortha glacadh ard agus cothrom vacsaíní a bhaint amach [37].

Cuid 2. Uirlisí agus modhanna chun glacadh le vacsaíní agus a nglacadh a chur chun cinn ar feadh an tsaoil

2.1 Uirlis suirbhé chun sonraí iompraíochta a bhailiú maidir le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh

Is féidir an uirlis suirbhé seo a úsáid chun sonraí sóisialta agus iompraíochta a bhailiú maidir le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh, agus ar an gcaoi sin tacú le diagnóisiú bacainní agus éascaitheoirí vacsaínithe i ndaonraí sonracha (Tábla 1; tá an uirlis ar fáil freisin mar [dhoiciméad ineagarthóireachta Word](#)). Cuireadh le chéile é bunaithe ar cheisteanna suirbhé a bailíochtáidh go síciméadrach i staidéir roimhe seo [15,18,19,31,40-42]. Áirítear inti:

- Tacaíocht maidir le toiliú feasach a bhailiú;
- Ocht gceist tosaigh maidir le tosca sochdhéimeagrafacha agus iompraíocht vacsaínithe;
- Cúig mhír déag bunaithe ar an tsamhail 5Canna, inar féidir le freagróirí a rangú cé chomh láidir agus a aontaíonn siad nó nach n-aontaíonn siad le sraith ráiteas; agus
- Seacht gceist cháilíochtúla mholta.

Sna 15 mhír atá bunaithe ar an tsamhail 5Canna, tá trí mhír ann le haghaidh gach “C” agus ceann amháin ainmnithe mar phríomhtháscaire le haghaidh gach “C”. Go hidéalach, cuirfear an suirbhé i gcrích trí úsáid a bhaint as an tsraith iomlán de 15 mhír; mar sin féin, más ann do shrianta ó thaobh acmhainní de, is féidir é a theorannú do na cúig phríomh-mhír.

Is féidir liosta na gceisteanna cáilíochtúla neamhiata arna moladh a chur le staidéar suirbhé chun léargas níos fearr a thabhairt ar phróisis smaoinimh agus ar ghníomhartha daoine, nó é a úsáid mar bhonn do staidéir cháilíochtúla ar leithligh (Tábla 1; tá na ceisteanna ar fáil freisin sa [dhoiciméad ineagarthóireachta Word](#) ar leagan den uirlis suirbhé é). Is féidir le ceisteanna cáilíochtúla lena gceadaítear freagra neamhiata a bheith ina ndeis luachmhar do na freagróirí freagra a thabhairt ina bhfocail féin.

Sula n-úsáidtear an uirlis, tá sé tábhachtach foireann taighde ildisciplíneach a chur le chéile, lena n-áirítear, más féidir, duine atá oile i ndearadh suirbhé agus in anailísiú staidrimh. Ba cheart don fhoireann cinneadh a dhéanamh maidir leis na ceisteanna beachta taighde agus prótacal staidéir agus plean anailíse a fhorbairt le chéile. Soláthraítear faisnéis mhionsonraithe maidir le conas an uirlis suirbhé a oiriúnú agus prótacal staidéir a fhorbairt tar éis na huirlise. Cuirtear plean anailíse samplach i láthair níos faide ar aghaidh sa Mhír seo agus is féidir an [cód anailíse](#) (Boscaí 1-3), atá scríofa in Stata agus in R araon, a íoslódáil freisin.

Tábla 1. Uirlis suirbhé chun sonraí iompraíochta a bhailiú maidir le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh

Toiliú feasach

Go raibh maith agat as spéis a léiriú inár staidéar. Is taighdeoirí sinn ó (cuir isteach ainm na hinstitiúide) agus is spéis linn (cuir isteach aidhmeanna an staidéir). Cabhróidh do chuid freagraí le heolas a dhéanamh dár n-idirghabhálacha agus a chur in oiriúint d’fhonn glacadh vacsaíní a mhéadú. Tógfaidh sé thart ar (déan meastachán ar an líon nóiméad) nóiméad ár gceisteanna a fhreagairt. Sula n-aontaíonn tú a bheith páirteach sa staidéar, léigh an fhaisnéis thíos go cúramach.

Tá do rannpháirtíocht sa staidéar seo go hiomlán deonach, agus ní ann d’aon fhreagra ceart ná mícheart ar na ceisteanna. Baineann na ceisteanna le vacsaíní agus le do dhearcthaí i leith vacsaínithe. Iarrfaimid freisin roinnt faisnéise fút féin, amhail d’inscne, d’aois agus do leibhéal oideachais. Déanfar anaithnidiú ar na freagraí a thabharfaidh tú, rud a chiallaíonn nach féidir linn na sonraí a rianú ar ais chugat. Is é (cuir isteach ainm na gníomhaireachta bailithe sonraí) a bhaileoidh na sonraí agus roinnfear iad leis an bhfoireann taighde de chuid (cuir isteach ainm institiúid na dtaighdeoirí). Tá athbhreithniú déanta ag an mBord Athbhreithnithe Inmheánaigh ag (cuir isteach institiúid IRB) ar phrótacal an staidéir agus tá cead tugtha aige an staidéar a chur i gcrích (cuir isteach uimhir cheadaithe i lúibíní cruinne).

Stórálfar do shonraí ar fhreastalaithe (cuir isteach an áit stórála sonraí) agus ní bheidh rochtain orthu ach ag taighdeoirí atá comhcheangailte leis an tionscadal seo. Stórálfar do shonraí anseo ar feadh (léirigh an líon blianta) blianta. D’fhéadfaí do shonraí a úsáid le haghaidh tionscadail taighde eile amach anseo a mbeidh sé mar

aidhm leo, ar an gcaoi chéanna, tuiscint a fháil ar dhearcthaí vacsaínithe. Beidh úsáid agus stóráil sonraí i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus leis na dlíthe náisiúnta.

Má tá aon cheist nó ábhar inní agat faoin staidéar seo nó faoin gcaoi a n-úsáidfimid agus a stórlaimid do shonraí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le (cuir isteach an t-ainm) ag (cuir isteach seoladh ríomhphoist).

Toiliú

Trí chomhaontú a dhéanamh páirt a ghlacadh, tuigim an méid seo a leanas:

Is ar bhonn deonach a ghlacfaidh mé páirt ann.

Úsáidfear mo chuid sonraí chun taighde a dhéanamh ar dhearcthaí i leith vacsaínithe.

Déanfar mo chuid sonraí a anaithnidiú.

Stórálfar mo chuid sonraí go slán de réir rialacha RGCS agus dlíthe náisiúnta.

Is féidir liom mo rannpháirtíocht a tharraingt siar tráth ar bith.

An aontaíonn tú páirt a ghlacadh sa staidéar seo?

Aontaím/Ní aontaím

Ábhar	Mír	Ceist	Roghanna ó thaobh freagraí de
Faisnéis shochdhéimeagrafach	1	Cén aois thú?	I mblianta
	2	Cén inscne thú?	1. Fireann 2. Baineann 3. Neamh-dhénártha 4. Eile/B'fhearr liom gan a rá
	3	Cá háit sa tír ina bhfuil cónaí ort?	Roghanna ó thaobh réigiún de oiriúnaithe do shocrúchán tíre (le huimhriú ó 1)
	4	Cad é an leibhéal is airde oideachais atá bainte amach agat?	Roghanna curtha in oiriúint do shocrú tíre (le huimhriú ó 1)
	5	Faoi láthair, an bhfuil tú...?	1. Fostaithe 2. Féinfhostaithe 3. As obair 4. I do mhac léinn 5. Ar scor 6. Níl tú in ann a bheith ag obair 7. Eile 99. B'fhearr liom gan a rá
Iompraíocht vacsaínithe	6	Chomh fada agus is eol duit, an bhfuil na vacsaíní ar fad a moladh duit faighte agat?	1. Ceann ar bith 2. Cuid acu 3. Gach ceann acu 99. Níl a fhios agam/B'fhearr liom gan a rá
	7	An bhfuil aon cheann de na vacsaíní a moladh duitse diúltaithe agat nó ar chuir tú moill ar cheann acu a fháil?	1. Ceann ar bith 2. Cuid acu 3. Gach ceann acu 99. Níl a fhios agam/B'fhearr liom gan a rá
	8	Amach anseo, an bhfuil sé ar intinn agat vacsaíniú a fháil de réir na moltaí i do thír féin?	1. Is cinnte nach bhfuil 2. Is dócha nach bhfuil 3. B'fhéidir go bhfuil

			4. Is dócha go bhfuil 5. Is cinnte go bhfuil 99. Níl a fhios agam/B'fhearr liom gan a rá
--	--	--	--

5Canna	Mír	Ceist	Roghanna ó thaobh freagraí de ar gach ceist a bhaineann le 5Canna
		Cé mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas?	1. Easaontaím leis go láidir 2. Easaontaím leis go páirteach 3. Táim neodrach ina thaobh 4. Aontaím leis go páirteach 5. Aontaím leis go mór 99. Níl a fhios agam/B'fhearr liom gan a rá
Muinín	9 (croí)	Tríd is tríd, ceapaim go bhfuil vacsaíní sábháilte [31].	
	10	Tríd is tríd, sílim go bhfuil vacsaíní éifeachtach [31].	
	11	Tá muinín agam as na húdaráis sláinte poiblí gan ach vacsaíní sábháilte éifeachtacha a mholadh [19].	
Réchúis	12 (croí)	Táim vacsaínithe toisc gur mó an baol go n-ionfhabhtófaí mé murach é[19].	
	13	Ní gá domsa a bheith vacsaínithe mar is annamh a bhím tinn ar aon nós [19].	
	14	Níl gá le vacsaíniú toisc nach bhfuil galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú coitianta a thuilleadh [18].	
Srianta	15 (croí)	Bheadh sé deacair agam vacsaín a fháil i ndáiríre[40].	
	16	Déanaim deimhin de go bhfaighim na vacsaíní is tábhachtaí in am trátha [19].	
	17	Is furasta dom rochtain a fháil ar sheirbhísí vacsaínithe [15].	
Ríomh	18 (croí)	Nuair a smaoiním ar vacsaín a fháil, measaim na tairbhí agus na rioscaí a ghabhann leis chun an cinneadh is fearr is féidir a dhéanamh [18].	
	19	Tríd is tríd, déanaim an méid a molann mo dhochtúir nó mo ghairmí cúraim sláinte dom é maidir le vacsaíniú [41].	
	20	Tá an fhaisnéis a fhaighim faoi vacsaíní ó na húdaráis sláinte iontaofa [42].	
Freagracht chomhchoiteann	21 (croí)	Faighim vacsaín de bhrí go mbím in ann daoine eile a chosaint dá réir sin [19].	
	22	Nuair a bhíonn gach duine vacsaínithe, ní gá dom a bheith vacsaínithe freisin [18].	

	23	Is mian le formhór mo mhuintire agus mo chairde go mbím vacsaínithe [15].	
Ceisteanna cáilíochtúla a n-éilítear freagra neamhiata leo			
1. Cad iad na ceisteanna nó na hábhair inní a bhíonn agat nuair a smaoiníonn tú ar a bheith vacsaínithe?			
2. Cad iad na chéad rudaí a thagann chun cuimhne nuair a smaoiníonn tú ar vacsaíní?			
3. Muinín: Go ginearálta, cad a cheapann tú faoi shábháilteacht agus faoi éifeachtacht vacsaíní?			
4. Réchuís: Conas a mheasann tú an baol go n-éireoidh tú tinn de dheasca galair is féidir a chosc trí vacsaíniú?			
5. Srianta: Cén cineál bacainní a bhíonn ort agus tú ag iarraidh a bheith vacsaínithe? D'fhéadfadh dúshláin fhisiceacha, shíceolaíocha nó eile a bheith i gceist leis sin.			
6. Ríomh: Cén cineál faisnéise a bhíonn á lorg agat agus cén cineál faisnéise a bhíonn á léamh agat agus tú ag iarraidh cinneadh a dhéanamh maidir le vacsaín a fháil nó í a fháil?			
7. Freagracht chomhchoiteann: Conas a bhraitheann tú faoi bheith vacsaínithe mar bhealach chun daoine eile a chosaint?			

Conas an uirlis suirbhé a oiriúnú, agus an prótacal staidéir agus an plean anailíse a fhorbairt

Ba cheart an uirlis suirbhé seo a chur in oiriúint do na ceisteanna taighde, go háirithe an pobal staidéir is díol spéise agus an vacsaín/na vacsaíní ar leith, más infheidhme. Tá breithnithe tábhachtacha agus treoird maidir le conas an prótacal staidéir agus an plean anailíse a fhorbairt le fáil thíos.

Spriocphobal

Ba cheart spriocphobal an staidéir a léiriú go soiléir sna ceisteanna taighde agus sa phrótacal staidéir. Ina dhiaidh sin, is féidir na ceisteanna san uirlis suirbhé a oiriúnú bunaithe ar an spriocphobal. Mar shampla, ag brath ar na ceisteanna taighde, d'fhéadfaí staidéir a dhéanamh ar ghlacadh le vacsaíní agus ar a nglacadh sa phobal ginearálta daoine fhásta nó i measc cúramóirí leanaí óga, pobal imirceach, oibrithe cúraim sláinte, daoine os cionn 65 bliana d'aois nó daonraí leochaileacha nó tearcfhreastalaithe eile. Mar shampla, má tá sé mar aidhm le staidéir dearchaí i leith vacsaíniú leanaí a thuiscint, is féidir an ráiteas ginearálta "Tríd is tríd, measaim go bhfuil vacsaíní sábháilte" a athrú mar a leanas: "Tríd is tríd, measaim go bhfuil vacsaíní sábháilte do leanaí".

Ní mór na ceisteanna a oiriúnú freisin bunaithe ar an spriocvacsaín/na spriocvacsaíní, más infheidhme. Dírítear leis an uirlis suirbhé ar dhearchaí vacsaínithe i gcoitinne ach is féidir í a oiriúnú go héasca chun díriú ar vacsaíní ar leith.

Ní mór na ceisteanna sochdhéimeagrafacha atá molta a chur in oiriúint don suíomh áitiúil freisin. Mar shampla, nuair a bhíonn ceist á cur faoi leibhéal oideachais an fhreagróra, ba cheart go léireodh na roghanna freagraí an córas oideachais sa suíomh sin. Ar an dara dul síos, ós rud é gur i mBéarla a scríobhadh an bhunuiril suirbhé, trí aistriúcháin phíolótacha a dhéanamh ar an suirbhé i measc daoine i do spriocphobal, beifear in ann a chur in iúl an dtuigtear na míreanna suirbhé aistrithe, an bhfuil siad oiriúnach ó thaobh cultúir de, agus/nó an bhfuil gá le tuilleadh athbheithnithe a dhéanamh orthu.

Samplamhéid

In éineacht le staitisticeoir, ba cheart ríomhanna ar an samplamhéid a bheith mar bhonn eolais don líon íosta freagróirí atá ag teastáil le haghaidh an staidéir d'fhonn cumhacht staidrimh leordhóthanach a áirithiú chun éifeachtaí fóinteacha a bhrath. D'fhéadfadh sé gur ghá an samplamhéid a bhoilsciú chun neamhfhreagairt agus creimeadh a d'fhéadfadh a bheith ann a chúiteamh. Chun líon leordhóthanach freagróirí a chumasú, bíonn gá le tuiscint chríochnúil ar an spriocphobal agus ar conas dul i dteagmháil leo roimh thús an staidéir.

Bailiú sonraí

Ba cheart an modh bailithe sonraí a roghnú bunaithe ar bhreithnithe a bhaineann leis an spriocphobal, na hacmhainní atá ar fáil agus an cineál samplála a úsáidtear. Nuair a dhírítear ar an bpobal daoine fhásta i gcoitinne i dtír ina bhfuil leibhéal ard rochtana idirlín, d'fhéadfadh suirbhéanna ar líne nó agallaimh a bheith ina modhanna iomchuí. D'fhéadfadh agallaimh aghaidh ar aghaidh a bheith ní b'oiriúnaí do ghrúpaí áirithe sa phobal sin (e.g. daoine fásta níos sine).

Sampláil

Is féidir sampláil a dhéanamh ar an spriocphobal staidéir ar bhealaí éagsúla [43]. I gcás ina mbíonn gá le sampla ionadaíoch den daonra, is é an cur chuige is fearr sampláil dóchúlachta. I measc cuid de na bealaí is coitianta chun é sin a dhéanamh tá sampláil randamach shimplí nó chórasach, chomh maith le sampláil bhraisle nó shrathaithe. Má bhíonn na hacmhainní is gá ar fáil, is féidir an tsampláil a sheachfhoinsiú do chuideachtaí a bhfuil saineolas acu sa réimse lena mbaineann. Mura mbíonn gá le hionadaíocht – agus leis an inghinearáltacht sin don phobal i gcoitinne – chun cuspóirí an staidéir a bhaint amach, is féidir sampláil neamhdhóchúlachta a úsáid. I measc roinnt bealaí coitianta chun sampláil neamhdhóchúlachta a dhéanamh tá sampláil áisiúlachta, sampláil bhreisitheach agus sampláil bhreithiúnais.

Cur i láthair an tsuirbhé

An chaoi a gcuirtear an suirbhé i láthair na bhfreagróirí, braitheann sé ar an modh bailithe sonraí a úsáidtear don suirbhé. Tá na roghanna freagartha céanna ag gach ceann de na ceisteanna a bhaineann leis an tsamhail 5Canna bunaithe ar scála cúig phointe Likert (ó “Easaontaím go láidir” go “Aontaím go láidir”). Dá bhrí sin, d’fhéadfaí an suirbhé a chur i láthair i scríbhinn mar thábla mór amháin, agus scála Likert á chur i láthair go hingearach in aice le gach ceist (mar atá i dTábla 1). De rogha air sin, is féidir ceisteanna a chur ar dhuine ina gceann is ina gceann le linn agallamh aghaidh ar aghaidh nó ar líne, agus an scála Likert a roinnt leis an agalláil mar roghanna ó thaobh freagraí de. Is fearr gan ceanntásca na huirlise suirbhé a úsáid (e.g. athróga sochdhéimeagrafacha, muinín, srianta) sa suirbhé féin ionas nach mbeidh freagróirí claonta i dtreo freagraí áirithe.

San uirlis suirbhé, sanntar luach uimhriúil do gach freagra (e.g. Ceist 6: 1 = Ceann ar bith, 2 = Cuid acu, 3 = Gach ceann acu, 99 = Níl a fhios agam/B’fhearr liom gan a rá). Ní gá do fhreagróirí suirbhé na luachanna sannta sin a fheiceáil ach ba cheart iad a úsáid i gcúl an tsuirbhé, ionas go dtabharfar na torthaí san fhormaid sin. Is ar an gcód anailíse réamhscríofa atá na huimhreacha sin bunaithe.

Prótacal staidéir agus plean anailíse

Ba cheart achoimre a thabhairt sa phrótacal staidéir ar an spriocphobal, ar an samplamhéid, ar an modh bailithe sonraí agus ar an gcur chuige samplála. Ba cheart mír a bheith ann freisin maidir leis an gcaoi a ndéanfar an t-anailísiú sonraí.

Ba cheart na hanailísí a bheith gonta agus ba cheart go bhfreagraítear iontu na ceisteanna taighde. I gcás na n-anailísí tuairisciúla, d’fhéadfaí táblaí achoimre de dhéimeagrafaic fhreagróirí an staidéir a chruthú. Is féidir príomhtháscairí gach gné a achoimriú agus a shrathú de réir athróga déimeagrafacha amhail inscne agus oideachas, más mian. Ar an gcaoi chéanna, is féidir na trí phríomhtháscaire iompraíochta de chuid na huirlise suirbhé – i) glacadh le vacsaín a fháil roimhe seo, ii) diúltú vacsaín a fháil roimhe seo agus iii) rún vacsaín a fháil – a achoimriú go tuairisciúil agus a shrathú de réir athróga déimeagrafacha. Is féidir anailísí staitistiúla infheireacha a dhéanamh chun na naisc idir na torthaí iompraíochta, na 5Canna agus na déimeagrafaic a thástáil.

Chun bheith in ann an t-anailísiú sin a dhéanamh, tá sé tábhachtach luachanna uimhriúla sannta na roghanna freagartha a leanúint, mar a mholtar san uirlis suirbhé. Soláthraítear plean anailíse samplach ina n-áirítear anailísí tuairisciúla agus intuigthe araon ar thorthaí an tsuirbhé thíos (Boscaí 1-3), agus is féidir [cód anailíse](#) réamhscríofa (in Stata agus in R) a íoslódáil freisin.

Anailísiú cáilíochtúil

Má chuirtear ceisteanna cáilíochtúla neamhiata san áireamh sa staidéar, ba cheart na ceisteanna a mholtar i dTábla 1 a athbhreithniú go cúramach agus a oiriúnú chun an suíomh áitiúil a léiriú. Ba cheart anailís chúramach a dhéanamh ar na freagraí scríofa ar na ceisteanna neamhiata ar shuirbhé nó ar thras-scríbhinní na n-agallamh agus ba cheart iad a chódú. D’fhéadfadh anailísiú ionduchtach cuidiú le téamaí uileghabhálacha a eascraíonn as na cóid a shainaithint d’fhonn léargas níos saibhre a thabhairt ar phróisis agus ar ghníomhaíochtaí smaointeoireachta daoine. Féadfar anailís a dhéanamh go hasbhainteach freisin trí úsáid a bhaint as na 5Canna mar théamaí nó trí úsáid a bhaint as meascán den dá chur chuige. D’fhonn an tairbhe iomlán a bhaint as an gcineál seo taighde, ba cheart do thaighdeoir cáilíochtúil a bhfuil taithí acu a bheith i gceannas ar an anailísiú. Tá comhairle bhreise maidir le sonraí cáilíochtúla a bhailiú agus a anailísiú le fáil ag deireadh na míre seo.

Imréiteach eiticiúil

Sula gcuirtear tús le haon bhailiú sonraí, tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuiltear i mbun treoirilínte eiticiúla náisiúnta a leanúint. D’fhéadfaí a áireamh leis sin an ceanglas maidir le himréiteach eiticiúil a lorg don staidéar. Déanfaidh Boird Athbhreithnithe Inmheánacha athbhreithniú ar phleananna an staidéir agus cinnífidh siad cibé an bhfuil gá le himréiteach agus, má tá, déanfaidh siad athbhreithniú mionsonraithe ar phleananna staidéir chun an t-imréiteach a thabhairt. Is dócha go ndéanfaidh IRBna athbhreithniú ar cibé acu an leanann pleananna bailithe agus anailíse sonraí an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Ciallaíonn sé sin nach mór a leagan

amach go soiléir sa togra staidéir conas anaithnidiú, stóráil sonraí agus rochtain ar na sonraí a láimhseáil. Ba cheart do gach staidéar eolas a chur ar fáil do na rannpháirtithe ionchasacha faoi aidhmeanna an staidéir agus faoin gcaoi a n-úsáidfear agus a stórálfar a gcuid sonraí, agus ba cheart a thabhairt chun suntais go ndéanfar a bhfreagairtí a anaithnidiú, gur ar bhonn deonach a bheidh siad rannpháirteach agus gur féidir leo stop a chur leis an staidéar tráth ar bith gan aon iarmhairt díobhálacha a bheith ann. Ina dhiaidh sin, ba cheart ceist a chur ar an rannpháirtí an aontaíonn siad leis sin agus an bhfuil siad toilteanach páirt a ghlacadh sa staidéar. Ar an dóigh sin, tugtar toiliú feasach, rud nach mór a fháil sula gcuirtear aon cheist ar an rannpháirtí. Tá teimpléad chuige sin le fáil san uirlis suirbhé (Tábla 1), agus sa [doiciméad ineagarthóireachta Word](#) freisin.

Na sonraí a thuairisciú agus a léirmhíniú

Tar éis anailísiú sonraí a dhéanamh, tá sé tábhachtach na príomhthorthaí a mhiondealú agus idirghabhálacha féideartha a mheas ar an mbonn sin. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhthorthaí trí úsáid a bhaint as táblaí agus figiúirí, agus is féidir cur síos a dhéanamh orthu i dtuarascáil nó iad a fhoilsiú in iris eolaíoch phiarmheasúnaithe. Beidh ar an bhfoireann iildisciplíneach atá ag obair ar an staidéar breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr nó ar na bealaí is fearr chun na sonraí a fuarthas a chur i láthair na ngeallsealbhoirí lena mbaineann agus iad a úsáid chun bacainní agus éascitheoirí vacsaínithe a dhiagnóisiú i bpobail shonracha. Is dócha go dtabharfaidh na sonraí treoir do straitéisí agus d'idirghabhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe maidir le cé acu de na 5Canna is ábhartha mar réimsí fócais. Cuirtear i láthair sa leabharlann idirghabhálacha samplaí den chaoi ar dhírigh tíortha AE/LEE ar 5Canna ar leith chun glacadh vacsaínithe a mhéadú (Mír 2.2).

Plean samplach anailíse

Soláthraíonn an plean samplach anailíse seo bunstruchtúr chun anailís a dhéanamh ar shonraí an tsuirbhé (Boscaí 1-3; tá an [cód anailíse](#) iomlán, atá scríofa in Stata agus in R araon, ar fáil le híoslódáil freisin). Go hidéalach, ba cheart an anailísiú a dhéanamh i dtrí chéim:

- Céim 1: na sonraí a ullmhú (Bosca 1);
- Céim 2: anailísiú tuairisciúil (Bosca 2); agus
- Céim 3: anailísiú torthúil (Bosca 3).

Chun na sonraí a ullmhú, ní mór na sonraí a ghlanadh agus iad a ullmhú le haghaidh anailíse (Bosca 1). Is éard atá i gceist le glanadh sonraí ná a sheiceáil cibé an bhfuil na freagraí réalaíoch (e.g. ní féidir le duine ar bith a bheith 178 mbliana d'aois, mar shampla) agus a áirithiú go bhfuil gach athróg scríofa i bhfoirm uimhriúil. Leis an gcód réamhscríofa, is féidir a sheiceáil faoi dhó go bhfuil na luachanna agus na lipéid chearta arna sannadh ag gach athróg. Mar shampla, i gcás na hathróige inscne, féadfar uimhir 1 a shannadh do "Fireann" agus uimhir 2 a shannadh do "Baineann".

Mar chuid den ullmhú sonraí, ní mór roinnt athróg a chódú droim ar ais. Ach sula ndéantar é sin, ba cheart an bhrí atá le scór ard a shainiú (Tábla 2).

Tábla 2. An bhrí atá le scór ard, bunaithe ar an gcód anailíse réamhscríofa

Coincheap	An bhrí atá le scór ard
Muinín	Ardmhuinín as vacsaíniú, ard-ullmhacht chun bheith vacsaínithe
Réchúis	An-réchúiseach, ullmhacht íseal chun bheith vacsaínithe
Srianta	Bac ar vacsaíniú toisc srianta áirithe, ullmhacht íseal chun bheith vacsaínithe
Ríomh	An-ghníomhach i dtaobh anailísiú costais agus tairbhe ar vacsaíniú a chur i gcrích, ullmhacht íseal chun bheith vacsaínithe
Freagracht chomhchoiteann	Meastar vacsaíniú a bheith ina fhreagracht chomhchoiteann, ard-ullmhacht chun bheith vacsaínithe

Mar shampla, ar mhaithe le réchúis, luaitear i gceist 12 "Táim vacsaínithe toisc gur mó an baol go n-ionfhabhtófaí mé murach é". Léireofaí le scór ard ar an gceist sin (i.e. duine a fhreagraíonn "5. Aontaím go láidir") duine ag a bhfuil scór íseal ó thaobh Réchúise de agus ag a bhfuil scór ard, dá bhrí sin, ó thaobh ullmhacht chun bheith vacsaínithe de. Mar sin féin, tá an luach uimhriúil ard, rud a d'fhéadfaí a léirmhíniú go mícheart mar réchúis ard agus, dá bhrí sin, ullmhacht íseal chun bheith vacsaínithe. Chun é sin a mhaolú, tá sé tábhachtach na ceisteanna sin a chódú droim ar ais, mar a léirítear i mBosca 3 (tabhair faoi deara gur féidir an [cód anailíse](#) chuige sin a íoslódáil). Tar éis códú droim ar ais a dhéanamh, is féidir scóir mheánacha do gach ceann de na 5Canna a ríomh. Is ansin a bhíonn na sonraí réidh le haghaidh anailísiú tuairisciúil.

Maidir leis na hanailísithe tuairisciúla, is féidir achoimre agus srathú a dhéanamh ar thrí phríomhtháscaire iompraíochta de chuid na huirlise tsuirbhé – i) glacadh vacsaíní roimhe seo, ii) diúltú vacsaín a fháil roimhe seo agus iii) rún vacsaín a fháil – agus is féidir iad a shrathú le hathróga déimeagrafacha. (Bosca 2). Ina dhiaidh sin, is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhtháscairí le haghaidh gach ceann de na 5Canna.

Tugtar roinnt moltaí maidir leis na hanailísithe infheireacha (Bosca 3). D'fhéadfadh sé a bheith suimiúil tuiscint a fháil ar na réamhtháscairí sochdhéimeagrafacha le haghaidh gach ceann de na 5Canna. Mar shampla, an mbíonn réchúis níos airde ag mná ná mar a bhíonn ag fir? Tá sé mar aidhm leis an gcéad chuid eile de na hanailísí ionchasacha tuiscint a fháil ar na réamhtháscairí a bhaineann leis na trí phríomhtháscaire iompraíochta thuasluaite. I gcás na n-anailísithe sin, caitear mar réamhtháscairí féideartha leis na hathróa sochdhéimeagrafacha agus leis na 5Canna. Tá comhairle bhreise le fáil thíos freisin maidir le conas na hanailísí infheireacha sin a chur i gcrích.

Bosca 1. Na sonraí a ullmhú

Déan na míreanna seo a leanas a chódú droim ar ais:

- Réchúis (scóir arda = réchúis ard agus, dá bhrí sin, ullmhacht íseal chun bheith vacsaínithe)
 - C12: Táim vacsaínithe toisc gur mó an baol go n-ionfhabhtófaí mé murach é.
- Srianata (scóir arda = go leor srianata – i.e. cuirtear bac ar vacsaíniú toisc bacainní laethúla – agus, dá bhrí sin, ullmhacht íseal chun bheith vacsaínithe)
 - C16: Déanaim deimhin de go bhfaighim na vacsaíní is tábhachtaí in am trátha.
 - C17: Is furasta dom rochtain a fháil ar sheirbhísí vacsaínithe.
- Ríomh (scóir arda = breithnithe fíormhóra costais is tairbhe agus ullmhacht íseal chun bheith vacsaínithe)
 - C19: Tríd is tríd, déanaim an méid a mholann mo dhochtúir nó mo ghairmí cúraim sláinte dom a dhéanamh i dtaobh vacsaínithe.
 - C20: Tá an fhaisnéis a fhaighim faoi vacsaíní ó na húdaráis sláinte iontaofa.
- Freagracht chomhchoiteann (scóir arda = ullmhacht chun bheith vacsaínithe d'fhonn daoine eile a chosaint).
 - C22: Nuair a bhíonn gach duine vacsaínithe, ní gá dom a bheith vacsaínithe freisin.

Ríomh scóir mheánacha le haghaidh gach C:

- Suimigh scóir na dtrí mhír faoi Mhuinín agus roinn ar a trí iad
- Suimigh scóir na dtrí mhír faoi Réchúis agus roinn ar a trí iad
- Suimigh scóir na dtrí mhír faoi Srianata agus roinn ar a trí iad
- Suimigh scóir na dtrí mhír faoi Ríomh agus roinn ar a trí iad
- Suimigh scóir na dtrí mhír faoi Freagracht chomhchoiteann agus roinn ar a trí iad

Bosca 2. Anailísiú tuairisciúil

Achoimrí ar thorthaí iompraíochta:

- Céatadán vacsaínithe de réir mar a mholtar:
 - De réir aoise
 - De réir inscne
 - De réir oideachais
 - De réir réigiúin
- Céatadán den phobal a dhiúltaigh vacsaíní molta a fháil:
 - De réir aoise
 - De réir inscne
 - De réir oideachais
 - De réir réigiúin
- Céatadán den phobal ag a bhfuil sé beartaithe vacsaín a fháil de réir mar a mholtar:
 - De réir aoise
 - De réir inscne
 - De réir oideachais
 - De réir réigiúin

Príomhtháscairí:

- Muinín: Céatadán a aontaíonn go bhfuil vacsaíní sábháilte (i.e. iad siúd a d'fhreagair "4" nó "5")
- Réchúis: Céatadán a fhaigheann vacsaín toisc gur mó an baol go n-ionfhabhtófaí iad murach é (i.e. iad siúd a d'fhreagair "4" nó "5")
- Srianata: Céatadán a deir go mbeidh sé deacair, ó thaobh na praiticiúlachta de, vacsaín a fháil (i.e. iad siúd a d'fhreagair "4" nó "5")
- Ríomh: Céatadán a aontaíonn, nuair a smaoiníonn siad ar a bheith vacsaínithe, go measann siad tairbhí agus rioscaí chun an cinneadh is fearr is féidir a dhéanamh (i.e. iad siúd a d'fhreagair "4" nó "5")
- Freagracht chomhchoiteann: Céatadán a aontaíonn go bhfaigheann siad vacsaín toisc gur ag cosaint daoine eile a bhíonn siad ar an gcaoi sin (i.e. iad siúd a d'fhreagair "4" nó "5")

Meánscore in aghaidh an "C" arna srathú de réir aoise, inscne, oideachais, réigiúin agus stádais fostaíochta.

Bosca 3. Anailísiú infheireach

Réamhtháscairí sochdhéimeagrafacha le haghaidh gach C:

Toradh Muinín (meánscore 1-5): Réamhtháscairí: aois, inscne, oideachas, réigiún, stádas fostaíochta

Toradh Réchúis (meánscore 1-5): Réamhtháscairí: aois, inscne, oideachas, réigiún, stádas fostaíochta

Toradh Sriantha (meánscore 1-5): Réamhtháscairí: aois, inscne, oideachas, réigiún, stádas fostaíochta

Toradh Ríomh (meánscore 1-5): Réamhtháscairí: aois, inscne, oideachas, réigiún, stádas fostaíochta

Toradh Freagracht chomhchoiteann (meánscore 1-5): Réamhtháscairí: aois, inscne, oideachas, réigiún, stádas fostaíochta

San anailísiú sin, caitear le gach ceann de na 5Canna mar thoradh, agus déantar na hathruga sochdhéimeagrafacha a thástáil mar réamhtháscairí. Cuideoidh sé sin lena thuiscint an mbíonn tionchar ag athruga sochdhéimeagrafacha ar mheánscore gach ceann de na 5Canna. Ós rud é gur meánscore é an toradh, is féidir cúlchéimniú líneach a dhéanamh. Is comhéifeacht é aschur na n-anailísithe sin lena ndéantar cainníochtú ar an ngaol idir an réamhtháscaire agus an toradh, ag léiriú an athraithe a bhfuiltear ag súil leis i meánscore an toraidh d'athrú aonaid amháin san athróg réamhtháscaire.

Réamhtháscairí de bheith vacsaínithe de réir mar a mholtar

Toradh Vacsaíní faighte de réir mar a mholtar (Ceann ar bith, Cuid acu, Gach ceann acu). Réamhtháscairí: Scóir mheánacha do gach ceann de na 5Canna, aois, inscne, oideachas, réigiún, stádas fostaíochta

Réamhtháscairí de mhoill a chur ar vacsaín a fháil nó de dhiúltú vacsaín a fháil

Toradh: diúltú vacsaínithe (Ceann ar bith, Cuid acu, Gach ceann acu). Réamhtháscairí: Scóir mheánacha do gach ceann de na 5Canna, aois, inscne, oideachas, réigiún, stádas fostaíochta

Réamhtháscairí lena gcuirtear in iúl go bhfuil vacsaíniú beartaithe

Toradh: ruin maidir le bheith vacsaínithe (score 1-5). Réamhtháscairí: Meánscoir do gach 5Canna, aois, inscne, oideachas, réigiún, stádas fostaíochta.

Comhairle bhreise maidir le hanailísiú infheireach

Agus athróg thoraidh ina bhfuil trí nó cúig chatagóir rangaithe á hanailísiú, braitheann rogha na samhla cúlchéimnithe iomchuí ar an gcaoi a gcaitear leis an toradh. Ina theannta sin, tá ról ríthábhachtach ag líon na mbarúlacha i ngach catagóir. Más rud é nach bhfuil go leor breathnuithe i roinnt catagóirí, d'fhéadfadh sé gur ghá iad a bhriseadh aníos d'fhonn cumhacht staidrimh a áirithiú.

Má choinnítear an toradh ina ghnáthfhoirm, is féidir samhail cúlchéimnithe loighisticíúil rangaithe a úsáid, ag glacadh leis go bhfuil toimhde an chorrailigh chomhréirigh ann. Leis an gcineál cúlchéimnithe seo, caitear leis na freagraí mar chéimeanna rangaithe, ag glacadh leis gur cosúil iad bogadh ó 1 ("Easaontaím go láidir") go 2 ("Easaontaím"), agus bogadh ó 4 ("Aontaím") go 5 ("Aontaím go láidir"), i dtaobh fachtóirí tionchair. Mar shampla, más rud é go méadaítear an seans go mbogfaí ó 1 go 2 i gcás na mban, méadaítear mar sin freisin an seans go mbogfaí ó 3 ("Neodrach") go 4 ("Aontaím") faoin gcion céanna, i gcomparáid le fir. Ar an gcaoi chéanna, más rud é go méadaítear an seans go mbogfaí suas faoi phointe amháin (e.g. ó 2 go 3) i gcás freagróirí níos sine, glactar leis go mbeidh an éifeacht chomhréireach chéanna i gceist leis sin ag gach céim den scála (e.g. ó 4 go 5 freisin). Tugtar toimhde an chorrailigh chomhréirigh uirthi sin.

De rogha air sin, mura dtéann an toradh isteach ach in dhá chatagóir (e.g. is é an toradh "Vacsaíní faighte de réir mar a mholtar" roinnte ar 0 = Níl sé vacsaínithe go hiomlán (lena n-áirítear "Ceann ar bith" agus "Cuid acu") agus 1 = Vacsaínithe go hiomlán ("Fuarthas gach vacsaín de réir mar a mholtar"), ansin is í samhail cúlchéimnithe loighisticíúil dhénártha an rogha is oiriúnaí, ar samhail í lena meastar conas a mhéadaíonn nó a laghdaíonn na fachtóirí sin an dóchúlacht go mbeidh vacsaínithe go hiomlán. I gcás cúlchéimniú rangaithe loighisticíúil agus cúlchéimniú dhénártha loighisticíúil araon, cuirfear an t-aschur i láthair i gcóimheasa corrlach.

Má laghdaítear an toradh cúig chatagóir go trí chatagóir, is féidir úsáid a bhaint as samhail cúlchéimnithe loighisticíúil íltéarmaigh. Cuir i gcás go ndéanaimid freagairtí ar rún maidir le bheith vacsaínithe (score 1-5) a ghrúpáil i trí chatagóir: rún íseal (1-2 = "Ní dócha go bhfaighidís vacsaín"), rún meánach (3 = "Éiginnte" nó "Neodrach") agus rún ard (4-5 = "Is dócha go bhfaighidís vacsaín"). Ós rud é nach bhfuil ord docht i gceist leis na trí chatagóir sin (i.e. ní gá gurb ionann "Measartha" agus leath bealaigh idir "Íseal" agus "Ard"), is féidir cúlchéimniú loighisticíúil íltéarmach a úsáid in ionad múnla rangaithe. Roghnaítear leis an tsamhail catagóir amháin mar an grúpa tagartha (e.g. "rún íseal") agus déanfar meastachán ar chorrailigh le haghaidh "Measartha" vs. "Íseal agus Ard" vs. "Íseal". Tugtar aschur an cúlchéimnithe loighisticíúil íltéarmaigh i bhfoirm cóimheasa coibhneasta riosca.

I ndeireadh na dála, braitheann rogha na samhla ar chúinsí teoiriciúla agus ar shrianta praiticiúla araon, amhail samplamhéid na mbreathnuithe i gcatagóirí éagsúla. Léiríonn na breithnithe sin a thábhachtaí atá sé staitisticeoir oile a bheith ar an bhfoireann taighde ildisciplíneach.

Comhairle bhreise maidir le modhanna cáilíochtúla

Le torthaí na huirlise suirbhé tabharfar tuiscint bhunúsach ar na bacainní agus ar na héascaitheoirí i dtaca le glacadh le vacsaíní i bpobal ar leith. Ní dócha, áfach, go míneofar leo an fáth gurb ann do na bacainní agus do na héascaitheoirí sin. Is féidir le modhanna cáilíochtúla léargais a sholáthar sa réimse sin trí chabhrú le miondifríochtaí an chomhthéacs a nochtadh, trí smaointe a thairiscint maidir le conas aghaidh a thabhairt ar na bacainní sonracha agus ar éascaitheoirí maidir le glacadh vacsaínithe [44].

Modhanna cainníochtúla vs. modhanna cáilíochtúla

Tá modhanna cainníochtúla úsáideach ó thaobh sonraí uimhriúla a fháil agus chun anailísiú staidrimh a ,chur i gcrích maidir leis an réimse fócais taighde. Mar shampla, is féidir le suirbhéanna cainníochtúla cuidiú le tuiscint a thabhairt ar thoilteanas duine aonair nó pobail a bheith vacsaínithe agus ar na bacainní a d'fhéadfadh a bheith rompu. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil go leor ionstraimí bailithe sonraí cainníochtúla – amhail suirbhéanna nó cláranna – réamhdheartha ag na taighdeoirí le freagairtí seasta, tá na léargais a ghintear teoranta do shaincheisteanna atá ar eolas cheana féin nach dtuigtear go leordhóthanach iad. Le modhanna cainníochtúla, díreann freisin ar thuiscint a fháil ar chlaontaí lárnacha an daonra, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur le scrúdú níos doimhne ar na cúiseanna atá taobh thiar de na claonta nó de na heisceachtaí sin.

Ar an lámh eile, baineann modhanna cáilíochtúla úsáid as an taighdeoir mar ionstraim chun sonraí a bhailiú. Leanann siad cur chuige córasach ach solúbtha chun sonraí a bhailiú, ag baint úsáid as dearadh atá ag teacht chun cinn le hoiriúnuithe a dhéantar le linn an phróisis. Tá úsáid ceisteanna neamhiata lárnach ó thaobh modhanna cáilíochtúla de, rud a chuireann ar chumas freagróirí a dtaithe agus a dtuairimí a fhreagairt agus tuairisc a thabhairt orthu ina bhfocail féin agus ina dteanga féin. Tá sé rithabhachtach smaointe, mothúcháin agus dearchtaí na rannpháirtithe a léiriú d'fhonn léargais chultúrtha agus shóisialta a fháil, ós rud é gur féidir le rannpháirtithe cuidiú leis na saincheisteanna atá tábhachtach dóibh a shainiú agus a ardú.

Roghnúchán rannpháirtithe

Is féidir teicnící samplála éagsúla a úsáid chun rannpháirtithe i dtaighde cáilíochtúil a roghnú, agus is minic a úsáidtear sampláil bhreithiúnais (i.e. rannpháirtithe a roghnú ar dócha gurb iad na rannpháirtithe is ábhartha don taighde iad). De ghnáth, sainmhínítear an líon rannpháirtithe bunaithe ar “sáithiú sonraí”, rud a bhaintear amach nuair nach mbailítear aon fhaisnéis anailíseach/ábhartha atá nua, a bheag nó a mhór, agus ag an bpointe sin is féidir an próiseas bailithe sonraí a thabhairt i gcrích [45]. Is ag na ceisteanna taighde a bheidh na modhanna bailithe sonraí agus na teicnící anailísithe a úsáidtear á dtreorú.

Bailiú sonraí

Áirítear an méid seo a leanas ar dhá mhodh bailithe sonraí cháilíochtúla a d'fhéadfadh a bheith ábhartha sa chomhthéacs sin [46]:

- **Agallaimh leathstruchtúrtha**, a reáchtáiltear ar bhonn aghaidh ar aghaidh le taighdeoir agus le rannpháirtí. Is minic a úsáideann siad treoirleabhar agallaimh, ina bhfuil ceisteanna atá ábhartha chun na ceisteanna foriomlána taighde a fhreagairt. Maireann agallaimh leathstruchtúrtha ar feadh idir 40 agus 60 nóiméad de ghnáth agus is féidir iad a dhéanamh aghaidh ar aghaidh nó ar líne, i dtimpeallacht chiúin atá saor ó sheachmall más féidir. Tá na hagallaimh an-oiriúnach chun tuairimí, eispéiris, creidimh agus inspreagadh daoine aonair a thuiscint gan tionchar ó dhaoine eile, agus chun saincheisteanna íogaire a phlé chomh maith.
- Os a choinne sin, déantar **plé grúpaí fócais** i mbuíonta comhdhéanta d'éascaitheoir amháin agus idir tríúr agus ochtar rannpháirtithe de ghnáth. Ina theannta sin, is minic a bhaineann siad úsáid as treoir díospóireachta atá curtha in oiriúint do na ceisteanna foriomlána taighde. I gcodarsnacht leis na hagallaimh, tá an modh seo úsáideach chun grúpdhinimic agus noirm, lena n-áirítear cosúlachtaí agus difríochtaí i ndearchtaí, i bpobal ar leith a thuiscint. Ní mór grúpaí fócais a éascú go hoilte chun a chinntiú go mbeidh gach rannpháirtí ar a gcompond a dtuairimí a roinnt.

Tá roinnt rudaí coitianta le coinneáil i gcuimhne leis an dá mhodh:

- Ní mór am a bheith san áireamh sa treoirleabhar agallaimh/plé chun iontaoibh a bhunú idir an taighdeoir agus an rannpháirtí/na rannpháirtithe. D'fhéadfaí leac an doichill a bhriseadh le ceisteanna réchúiseacha tosaigh, agus ina dhiaidh sin ceisteanna leathana a chur faoin topaic, agus d'fhéadfaí bogadh ar aghaidh ansin agus ceisteanna níos sonraí nó níos íogaire a chur.
- Ba cheart na ceisteanna a bheith neamhiata, i.e. níor cheart iad a fhreagairt le “is ea” ná “ní hea”. Déantar é sin d'fhonn rannpháirtithe a spreagadh chun a gcuid tuairimí a roinnt go hoscaite agus gan bhac.
- Ba cheart ceisteanna a threorú, i.e. ceisteanna lena gcuirtear an rannpháirtí/na rannpháirtithe i dtreo freagra ar leith a sheachaint.
- Ba cheart an t-agallamh agus an t-éascú a bheith solúbtha. Féadfaidh an rannpháirtí/na rannpháirtithe ábhair a tharraingt suas a bhaineann leis na ceisteanna taighde foriomlána ach nach gclúdaítear sa treoirleabhar. Ba

cheart am a thabhairt le haghaidh na ndíospóireachtaí sin, agus is féidir an comhrá a nascadh leis an gcuid eile de na ceisteanna nuair is iomchuí.

- Ní mór d'agallóirí agus d'éascaitheoirí a bheith comhbhách agus airdeallach ar an gcomhrá a chur ar sos, a athrú nó a stopadh d'fhonn compord na rannpháirtithe a chinntiú, go háirithe agus saincheisteanna íogaire á bplé acu.

Anailísiú sonraí

Le modhanna cáilíochtúla cuirtear ar fáil roghanna éagsúla maidir le hanailísiú sonraí agus solúbthacht ó thaobh a n-úsáide, rud lena gcumasaítear roghnú na roghanna sin a oireann do do riachtanais shonracha. Anailísiú ábhair agus anailísiú téamach is ea dhá cheann díobh sin. Más féidir anailísiú cáilíochtúil sonraí a fheiceáil ar speictream, is gnách go mbíonn anailísiú ábhair níos tuairisciúla, agus bíonn anailísiú téamach níos léirmhínithe de ghnáth.

Is scáth-théarma é **anailísiú ábhair** le haghaidh “códú agus catagóiríú córasach” sonraí téacsúla [47]. Bunaithe ar theoiricí cumarsáide, déantar anailís ar threochtaí agus ar mhinicíochtaí na bhfocal chun patrúin agus brí a aimsiú. Eagraítear “cód” (i.e. aonaid bheaga téacs le brí) i gcatagóirí bunaithe ar phatrúin choiteanna. Is féidir é sin a dhéanamh go hionduchtach (i.e. cruthaithe de réir sonraí) agus go déaduchtach (i.e. catagóirí atá ann cheana a bheith díorthaithe ó theoiric, ó chreat nó ó shamhail). Is féidir anailísiú ábhair a dhéanamh go cainníochtúil, mar shampla, tríd an líon uaireanta a ardaítear saincheist ar leith i bplé a chomhaireamh. Mar sin féin, le cur chuige cáilíochtúil, cuirtear comhthéacs na bhfocal san áireamh freisin chun an bhrí fhollasach agus an bhrí bhunúsach araon a thuiscint.

Tagraíonn **anailísiú téamach** don phróiseas sainaitheanta téamaí nó patrúin spéise atá le brath sna sonraí [48]. Cé go dtosaíonn sé le próiseas códaithe cosúil leis an bpróiseas anailísithe ábhair, le hanailísiú téamach téitear níos faide ná sonraí a chatagóiríú toisc go bhféachtar leis an bhrí folaigh i dtéacs a léirmhíniú (i.e. tuiscint a fháil ar na smaointe, na toimhdí, na coincheapa agus na hidé-eolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith i mbun an méid a deir na rannpháirtithe a mhúnlú). Is féidir na téamaí sin a chruthú go hionduchtach nó go déaduchtach; mar sin féin, is minic a dhéantar coigeartuithe ar théamaí déaduchtacha chun na bríonna folaigh a shainaithnítear i do thacar sonraí a léiriú.

Uirlisí chun féinmhachnamh a chumasú agus chun claontachtaí a mhaolú

Tá sé tábhachtach a mheabhú nach breathnóirí éighníomhacha iad na taighdeoirí in aon taighde sláinte poiblí, cibé acu taighde cáilíochtúil nó cainníochtúil, ach gur féidir leo tionchar gníomhach a imirt ar an taighde agus ar an toradh a bhíonn air. Bíonn tionchar ag a gcúlraí sonracha, a ndearchtaí sonracha agus a gclaontaí comhfhiosacha nó neamhchomhfhiosacha ar gach beart a ndéanann na taighdeoirí le linn an phróisis, lena n-áirítear na ceisteanna taighde a bhunú agus anailís a dhéanamh ar na sonraí. Tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt air sin go réamhghníomhach le linn an phróisis taighde agus na torthaí a léirmhíniú dá réir. Tá roinnt uirlisí i gceist le modheolaíocht cháilíochtúil taighde chun an próiseas féinmhachnamh sin a chumasú agus chun claontachtaí a mhaolú, lena n-áirítear:

- **Ráitis athmhachnamhachta** – Ní mór do thaighdeoirí féinmhachnamh a dhéanamh agus a fhiafraí díobh féin cén fáth a bhfuil siad páirteach sa taighde, cad iad na claontaí a d'fhéadfadh a bheith acu faoin spriocghrúpa i dtaca leis an ábhar taighde, agus conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag codanna dá gcéannacht nó dá gcúlra ar an gcaoi a ndéanann siad an taighde nó ar an gcaoi a léirmhíniú siad na torthaí. Ansin déantar achoimre ar an bhféinmhachnamh sin i mír ghearr a chuirtear san áireamh ar mhaithe le trédhearcacht nuair a scaiptear na torthaí [49].
- **Triantánú imscrúdaitheora/seiceáil rannpháirtithe** – Is féidir le beirt taighdeoirí nó níos mó mír sonraí a chódú go neamhspleách, agus ansin cóid a chur i gcomparáid chun difríochtaí agus cosúlachtaí a aimsiú, sula dtagann siad ar chomhaontú maidir le conas na sonraí a léirmhíniú agus a chatagóiríú. Cuireann sé sin le creidiúnacht na dtorthaí. Is féidir próiseas den chineál céanna a dhéanamh freisin le rannpháirtithe ón spriocghrúpa, mar bhealach chun bailíochtú a dhéanamh ar na léargais a fuarthas ó na sonraí ar chuir siad leo. Tugtar seiceáil rannpháirtithe air sin [50].

Acmhainní eile

Tá roinnt acmhainní ar fáil lena dtairiscítear mionchur síos ar an bpróiseas taighde, lena n-áirítear conas anailísiú sonraí a dhéanamh agus torthaí a léirmhíniú. Áirítear leo siúd:

- [“A field guide to qualitative research for new vaccine introduction \[Treoir allamuigh maidir le taighde cáilíochtúil le haghaidh tabhairt isteach vacsaíní nua\]”](#) de chuid EDS
- [“Rapid qualitative research to increase COVID-19 vaccination uptake: a research and intervention tool \[Mearthaighde cáilíochtúil chun glacadh vacsaíní COVID-19 a mhéadú: uirlis taighde agus idirghabhála\]”](#) de chuid EDS

Is treoir úsáideach é an seicliosta "[Consolidated criteria for reporting qualitative research \[Critéir chomhdhlúite um thuairisciú taighde cháilíochtúil \(COREQ\)\]](#)" um taighde cáilíochtúil a thuairisciú agus chun cur síos a dhéanamh air.

2.2 Modhanna chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní iompraíochta ar vacsaíní

Leabharlann idirghabhálacha chun glacadh vacsaínithe a mhéadú

Cuirtear ar fáil sna táblaí thíos leabharlann idirghabhálacha ón leibhéal náisiúnta agus ón leibhéal fonáisiúnta d'fhonn dearadh na n-idirghabhálacha a spreagadh agus a threorú chun aghaidh a thabhairt ar chumhdach vacsaínithe fo-optamach. Baineann na samplaí le vacsaíní leanaí (Tábla 3), vacsaíní in aghaidh papalómaivíreas daonna (HPV) (Tábla 4), vacsaíní in aghaidh COVID-19 agus fliú (Tábla 5), agus vacsaíní in aghaidh galair eile (triuch agus m-bholgach) (Tábla 6). Dírionn go leor de na hidirghabhálacha ar dhaonraí leochaileacha, amhail imircigh, agus tá siad bunaithe ar thacú leis an gcomhrá idir oibríthe cúraim sláinte atá freagrach as vacsaíní a sholáthar agus othair. Cuirtear i láthair freisin idirghabhálacha ilnáisiúnta arna maoiniú ag an Aontas nó arna maoiniú go páirteach aige (Tábla 7).

Chun na samplaí idirghabhála náisiúnta agus fonáisiúnta sin a bhailiú, chuaigh Stiúrthóir ECDC i dteagmháil le Comhlachtaí Comhordúcháin Inniúla an Lárionaid an 4 Meán Fómhair 2024. D'iarr sí orthu saineolaí nó saineolaithe maidir le glacadh vacsaínithe a ainmniú ina dtír féin a d'fhéadfadh freagra a thabhairt ar shuirbhé (Bosca 4) agus a bheith ar fáil chun aon soiléirí breise is gá a dhéanamh. Seoladh meabhrúchán sa chéad seachtain de mhí Dheireadh Fómhair 2024.

Bosca 4. Ceistneoir do shaineolaithe náisiúnta maidir le glacadh le vacsaíní agus a nglacadh

1. Príomheagraíocht (i.e. ainm na heagraíochta a bhí i gceannas ar an idirghabháil fhoriomlán)
2. Comhoibrithe (i.e. ainmneacha aon eagraíochtaí a chuidigh le dearadh/cur chun feidhme na hidirghabhála agus/nó le meastóireacht a dhéanamh uirthi)
3. Leibhéal idirghabhála (i.e. cén leibhéal ar ar cuireadh an idirghabháil chun feidhme?) – Freagairt aonrogha:
 - a. Náisiúnta
 - b. Réigiúnach
 - c. Áitiúil/Pobail
 - d. Leibhéil iolracha
 - e. Eile: Sonraigh le do thoil: *Saorthéacs*
4. Spriocphobal (i.e. Cén spriocghrúpa/Cad iad na spriocghrúpaí a bhí i gceist le d'idirghabháil?) – Freagairt aonrogha:
 - a. An pobal i gcoitinne
 - b. Daoine fásta (18 mbliana d'aois agus níos sine)
 - c. Leanaí (suas go dtí 12 bhliain d'aois, an bhliain sin san áireamh)
 - d. Déagóirí (13-17 mbliana d'aois)
 - e. Tuismitheoirí/cúramóirí
 - f. Daoine scothaosta
 - g. Pobail atá leochaileach go sóisialta
 - h. Oibríthe cúraim sláinte
 - i. Na meáin
 - j. Eile – Sonraigh é: *Saorthéacs*
6. Tabhair aon sonraí ábhartha eile maidir le do spriocphobal: *Saorthéacs*
7. Déan cur síos achomair ar an idirghabháil. Tá spéis againn sna gnéithe seo a leanas (freagra gearr ach cuimsitheach):
 - a. Cad é cuspóir sonracha na hidirghabhála i ndáil leis an spriocphobal/na spriocphobail?
 - b. Cén réasúnaíocht a bhí taobh thiar den idirghabháil? (Comhroinn aon réasúnaíocht nó spreagadh a bhí taobh thiar den idirghabháil, lena n-áirítear taighde roimh ré/sonraí cumhdaigh/taithí, de réir mar is infheidhme)
 - c. Cén uair agus cén áit a ndearnadh an idirghabháil?
 - d. Cérbh iad na príomhghníomhaíochtaí a bhí i gceist léi?
 - e. Cérbh iad torthaí nó tionchair na hidirghabhála? (Comhroinn aon sonraí faoi mheastóireachtaí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla más infheidhme)
 - f. Cad iad na príomhcheachtanna a d'fhoghlaim tú ón bpróiseas dearaidh/cur chun feidhme/meastóireachta a bhain leis an idirghabháil? Tabhair tuairisc ar shonraí maidir le haon éascaitheoirí, bacainní agus/nó dúshláin, chomh maith le haon réitigh nó léargas ar bhailigh tú iad le linn an phróisis.
8. An bhfuil suíomh gréasáin poiblí seachtrach nó doiciméad poiblí seachtrach agat ina ndéantar achoimre ar an idirghabháil nó ina soláthraítear faisnéis maidir le príomhghníomhaíochtaí? Roinn nasc anseo (más infheidhme): *Saorthéacs* nó uaslódáil comhaid ábhartha anseo (más infheidhme): *Bosca uaslódála comhaid*

An bhfuil aon rud eile ar mhaith leat a roinnt faoin idirghabháil agus faoin taithí atá agat di? *Saorthéacs*

D'fhreagair ceithre cinn déag as 30 tír AE/LEE, arb ionann é sin agus soláthar iomlán de 26 shampla d'idirghabhálacha san iomlán, a bhfuil 24 díobh san áireamh sna táblaí thíos. Cuireadh na tuairiscí ar na hidirghabhálacha thíos in eagar go héadrom chun comhsheasmhacht stíle agus cur i láthair a áirithiú, ach seachas sin cuirtear i láthair iad de réir mar a chomhroinn na tíortha iad ina bhfreagraí suirbhé (lena n-áirítear naisc áit a gcuirtear ar fáil iad). I gcásanna áirithe, comhlánaíodh an fhaisnéis trí ríomhphost le linn chéim an athbhreithnithe sheachtraigh, agus cuireadh an fhaisnéis sin san áireamh sa téacs thíos.

Reáchtáladh ceardlann le baill foirne ECDC agus le saineolaí seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na samplaí idirghabhála agus chun gach idirghabháil a aicmiú tríd an tsamhail 5Canna a úsáid. Chlúdaigh go leor de na hidirghabhálacha dhá cheann nó níos mó de na 5Canna, agus thug tromlach díobh aghaidh ar Muinín agus/nó ar Srianata. Tugadh aghaidh ar Ríomh nó ar Réchúis i ní ba lú samplaí, agus níor tugadh aghaidh in aon sampla ar Freagracht chomhchoiteann.

Rinne ECDC teagmháil freisin le roinnt tionscadal ilnáisiúnta arna maoiniú ag an Aontas trí chomhordú le Eurohealthnet, lena n-áirítear RIVER-EU (Laghdú míchothromaíochtaí i nglacadh vacsaínithe sa réigiún Eorpach) agus ActoVax4NAM (Rochtain ar vacsaíniú d'imircigh nuathagtha) [34,35]. Rinne saineolaí náisiúnta sa Fhrainc, arna shainaithint ag Comhlacht Comhordúcháin Inniúil ECDC sa Fhrainc, teagmháil freisin le comhordaitheoirí JITSUVAX (Jú-jlotsú le mífhaisnéis in aois COVID-19) [36]. Tá tuilleadh eolais faoi na tionscadail ilnáisiúnta sin arna maoiniú ag an Aontas san áireamh i dTábla 7.

Tábla 3. Idirghabhálacha a bhaineann le cláir vacsaínithe do leanaí

Ballstát	Spríocphobal	Tuairisc ar an idirghabháil	5Canna comhfhreagracha
An Danmhairg [51]	Oibrithe cúraim sláinte	Reáchtáladh modúl oiliúna leathlae le haghaidh altraí sláinte poiblí ó chuid mhór de na 98 mbardas sa Danmhairg. Áiríodh leis an oiliúint eolas ar Chlár na Danmhairge um Vacsaíniú i measc Leanaí agus ar na galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú, chomh maith le treoir maidir le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí a bhfuil drogall orthu vacsaín a fháil. Ainmníodh altraí mar “ambasadóirí vacsaínithe” agus moladh dóibh ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt lena gcomhghleacaithe. Roghnaíodh altraí mar spriocghrúpa don oiliúint mar gheall ar a gcuairteanna rialta ar thuismitheoirí nua agus a láithreach i scoileanna. Reáchtáladh an clár in 2019, in 2021 agus in 2022. Ní dhearnadh meastóireacht chórasach ach bailíodh aiseolas ag deireadh gach lae. Bhí altraí buíoch d'fhaisnéis nuashonraithe faoi ghalair arna gcumhdach leis an gclár vacsaínithe agus bhí meas acu ar an deis a bhí acu bualadh le comhghleacaithe agus a n-eispéiris éagsúla a phlé. Léiríodh spéis chomhsheasmhach sa chlár gach bliain.	Muinín
An Fhrainc [52-54]	Tuismitheoirí/cúramóirí	Cuireadh oiliúint ar mhná cabhracha maidir le hagallóireacht inspreagtha (MI) a úsáid d'fhonn máithreacha a bhí díreach tar éis leanbh a shaolú agus a bpáirtithe a ullmhú le haghaidh vacsaíniú a leanaí nuabheirthe. Is léir ón taithí a fuarthas ó Québec gur féidir le MI cuidiú le spreagadh agus tiomantas duine d'athrú iompraíochta a threisiú trí pháirtíocht leis an ngairmí cúraim sláinte. Bhí an idirghabháil ar siúl in dhá bharda máithreachais ó mhí na Samhna 2021 go mí Aibreáin 2022: Sainte Musse, Toulon; Saint Joseph, Marseille in oirdheisceart na Fraince. Rinneadh triail rialaithe randamaithe inar aimsíodh laghdú suntasach 33 % ar ábhair imní maidir le vacsaíniú sa bhrainse MI i gcomparáid le laghdú neamhsuntasach 17 % ar an mbrainse cóimheasa (bileog). Bhí an laghdú ar ábhair imní maidir le vacsaíniú a tomhaiseadh ar dtús chomh mór céanna nuair a rinneadh teagmháil le máithreacha seacht mí tar éis dóibh an barda máithreachais a fhágáil. Tá grúpa oibre comhoibríoch ag scrúdú inaistritheacht na hidirghabhála sin chuig spriocghrúpaí eile. Tacaíodh go páirteach leis an idirghabháil sin a bhuí le deontas Fís 2020: an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht	Muinín, Ríomh

		964728 (JITSUVAX) ar a dtugtar tuairisc i dTábla 7. Tuilleadh eolais: www.jitsuvax.com	
An tSualainn [55,56]	Oibrithe cúraim sláinte	Rinneadh Cláir EDS um Imdhíonadh Oiriúnaithe (TIP) – lena n-áirítear próiseas céim ar chéim chun bacainní agus éascaitheoirí vacsaínithe sa chomhthéacs áitiúil a shainaitheint, idirghabhálacha saincheaptha a dhearadh agus a fhorbairt, agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh ina leith – a aistriú agus a chur in oiriúint do chomhthéacs na Sualainne maidir le cur chun feidhme réigiúnach. Go dtí seo, tá tús curtha ag ceithre réigiún le treoirthionscadail atá bunaithe ar an treoir seo. Áirítear ar na príomhghníomhaíochtaí ceardlanna chun modh TIP a éascú le gach ceann de na gníomhaithe réigiúnacha atá freagrach as cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta Imdhíonta (NIP). Reáchtáladh cruinnithe agus léachtaí comhpháirteacha leis na gníomhaithe réigiúnacha freisin, mar aon le comhar agus malartú taithí. Tá an t-oiriúnú bunaithe ar obair a rinneadh roimhe seo ar threoir TIP in 2013 lena ndírítear ar phobal Somálach lasmuigh de Stócólm. Rinneadh é sin ós rud é, in ainneoin cumhdach vacsaínithe measartha ard sa tSualainn le haghaidh vacsaíniú leanaí mar chuid de NIP, gur gá tacaíocht níos fearr a thabhairt do ghníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla chun tuiscint a fháil ar athruithe ar chumhdach agus ar ghlacadh vacsaínithe. Ceacht atá le foghlaim uaidh sin, is léir, ná go mbíonn gá le hoiriúnú comhthéacsúil leanúnach sa bhreis ar aistriúchán. Éascaítear leis na treoirthionscadail fothú comhpháirteach acmhainneachta, mar aon le foghlaim chomhchoiteann agus giniúint eolais. Cuireadh tús leis na treoirthionscadail in 2021 agus tá siad fós ar siúl in 2025, agus tá sé beartaithe meastóireacht a dhéanamh orthu amach anseo. Déanfar treoir TIP na Sualainne a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2025 bunaithe ar an aiseolas agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh san obair leis na ceithre threoirthionscadal.	Muinín, Srianta, Réchúis
An tSualainn [57,58]	Oibrithe cúraim sláinte	Forbraíodh ábhair oideachais chun tacú le hidirphlé faoi vacsaíniú. Tá an idirghabháil seo dírithe ar altráí agus lianna a bhíonn i mbun vacsaínithe i seirbhísí cúraim sláinte leanaí nó scoile. Féadfaidh gairmithe cúraim sláinte eile a bhíonn i mbun vacsaínithe iad a úsáid freisin. Is é an cuspóir tacú le haltraí a vacsaíniú chun muinín a chothú le linn comhrá le tuismitheoirí, trí uirlis a chur ar fáil le haghaidh idirphlé struchtúrtha agus oscailte agus modúil oiliúna chun machnamh agus oiliúint a dhéanamh in éineacht le comhghleacaithe sa suíomh áitiúil. Is eol gur uirlis chumhachtach é an t-idirphlé idir pearsanra cúraim sláinte agus tuismitheoirí chun muinín as vacsaíniú a chothú. Sna torthaí ó staidéar agallaimh cháilióchtúil a rinne Gníomhaireacht Sláinte Poiblí na Sualainne in 2019 le haltraí (cúram sláinte leanaí agus cúram sláinte scoile), léiríodh bearna ó thaobh na tacaíochta de agus sa struchtúr a bhí ar fáil d'altraí chun roinnt uaireanta a láimhseáil nuair a mhothaigh siad míchompordach agus nuair nach raibh a fhios acu conas a d'fhéadfaidís ceisteanna sonracha tuismitheoirí a fhreagairt i gceart agus/nó dul i ngleic le drogall ginearálta a chur orthu roimh chinneadh maidir leis an vacsaín. Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá sin, forbraíodh an t-ábhar oiliúna oiriúnaithe, bunaithe ar ábhar oiliúna EDS dar teideal "Conversations to build trust in vaccination and other studies" [Comhráite maidir le muinín as vacsaíniú agus as staidéir eile a chothú]. I measc na bpríomhábhar oideachais atá ar fáil lena n-íoslódáil ó 2023 i leith d'oibrithe cúraim sláinte tá lámhleabhar úsáideora maidir le conas an oiliúint a dhéanamh, cur i láthair PowerPoint don oiliúint agus bileog ina ndéantar achoimre ar an uirlis cúig chéim chun tacú leis an idirphlé. Tá sé mar aidhm leis an gcur chuige cúig chéim idirphlé oscailte a chothú le tuismitheoirí maidir le vacsaíniú, agus ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu a fhiosrú agus aghaidh a thabhairt orthu ag an am céanna. Cuireadh infhaighteacht na n-ábhar in iúl roinnt babhtaí le linn Seachtain Eorpach um an Imdhíonadh agus trí ríomhphoist éagsúla chuig líonraí	Muinín, Srianta, Réchúis

		gairmiúla. Le linn fhorbairt an ábhair, reáchtáladh roinnt ceardlann chun an t-ábhar a thástáil agus a chomhchruthú leis na spriocghrúpaí i roinnt réigiún agus líonraí gairmiúla. Tar éis a fhoilsithe, rinneadh roinnt cur i láthair agus ceardlann chun an t-ábhar a scaipeadh agus chun obair leantach a dhéanamh ar na freagairtí ina leith. Níl meastóireacht chórasach ar an uirlis déanta go fóill. Cuirfear tús leis sin in 2025.	
An Rómáin	Tuismitheoirí/cúramóirí	Díríonn an idirghabháil ar theachtaireachtaí téacs meabhrúcháin a sheoladh chuig tuismitheoirí agus cúramóirí. Sa Rómáin, tá Clárann Náisiúnta Leictreonach Vacsaínithe i bhfeidhm ó 2011 i leith. Cuireadh idirghabháil i bhfeidhm in 2018 i bhfoirm meabhrúcháin a sheoladh trí theachtaireacht téacs, a raibh sé mar aidhm léi comhlíonadh na gcúramóirí leis an vacsaíní do leanaí a mhéadú de réir an sceidil náisiúnta imdhíonta. De ghnáth laghdaíonn cloí na gcúramóirí leis na vacsaíní a mholtar do leanaí, ach amháin i gcás na vacsaíní a mholtar sa chéad lá tar éis na breithe. D'fhéadfadh drogall a bheith ina chúis leis sin, ach d'fhéadfadh sé tarlú mar gheall ar easpa faisnéise maidir leis na haoiseanna a mholtar le haghaidh vacsaínithe agus infhaighteacht na vacsaíní freisin. Seoltar na teachtaireachtaí téacs ag an leibhéal náisiúnta, do gach leanbh, roimh an dáta measta le haghaidh vacsaínithe. Tá pleananna ann chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na hidirghabhála sin.	Srianta

Tábla 4. Idirghabhálacha a bhaineann le vacsaíní in aghaidh papalómaivíreas daonna (HPV)

Ballstát	Spriocphobal	Tuairisc ar an idirghabháil	5Canna comhfhreagracha
An Danmhairg [59]	Pobail atá leochaileach go sóisialta	Díríodh san idirghabháil ar idirphlé le daoine ó chúlraí mionlaigh eitnigh agus é mar aidhm léi eolas a chomhroinnt maidir le vacsaíní HPV agus seirbhísí sláinte eile, eolas a fháil faoi na bacainní sna spriocghrúpaí, agus muinín as na seirbhísí sláinte, gairmithe sláinte agus údarais sláinte a mhéadú. Chomhoibrigh Údarás Sláinte na Danmhairge le Mino Danmark, chun "Mino Talks" a reáchtáil, imeacht ina gcuirtear comhrá maidir leis an daonlathas chun cinn agus a thugann cead cainte do shaoránaigh a bhfuil cúlra mionlaigh acu chun díospóireacht a dhéanamh agus a ndúshlán a roinnt. Reáchtáladh sé bhabhta de Mino Talks, agus seoladh iarrachtaí for-rochtana i ngach réimse a chuidigh le hearcú le haghaidh na n-imeachtaí. Dhá phlé painéil a bhí i gceist le gach comhrá Mino, agus bhain an chéad cheann díobh go sonrach le vacsaíní HPV agus le scagthástáil le haghaidh ailse ceirbheacs. Athraíodh na cainteoirí ar na painéil ó chathair go cathair ionas go bhféadfaí éisteacht a thabhairt do ghuthanna áitiúla. Reáchtáladh na himeachtaí i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2023 sna ceantair Vejle, Brøndby, Gellerupparken (Aarhus), Vollsmose (Odense), Tingbjerg agus Slagelse. Roghnaíodh na ceantair sin ar bhonn na gceantar ina bhfuil cónaí ar go leor saoránach ar baill de mhionlach eitneach iad. Ar an iomlán, bhí an lucht féachana an-ghníomhach, agus chuir siad go leor ceisteanna. Ina theannta sin, d'oibrigh sé go maith gur áiríodh ar na painéil daoine a raibh taithí saoil acu a bhí in ann a gcuid scéalta a roinnt – rud lenar cruthaíodh spás sábháilte.	Muinín, Srianta, Réchúis
An Ghearmáin [60]	Leanaí (12 bhliain d'aois agus faoina bhun), Déagóirí (13-17 mbliana d'aois)	Is féidir an tseiceáil sláinte do dhéagóirí (J1) – arna déanamh ag cleachtóirí ginearálta agus ag péidiatraithe – a chur i gcrích ar leanaí idir 12 agus 14 bliana d'aois. Deis atá ann staid ghinearálta na sláinte, stádas vacsaínithe agus forbairt ó thaobh caithreachais de a sheiceáil. Tá scrúduithe sláinte rialta den sórt sin saor in aisce agus ceadaítear leo idirghníomhaíocht na ndéagóirí agus a dtuismitheoirí le gairmithe cúram sláinte, agus ar an gcaoi sin tugtar deis mhaith chun meabhrú do spriocghrúpaí faoi vacsaíní HPV.	Srianta, Muinín, Réchúis

		Sna torthaí ón meastóireacht, moladh gurb airde glacadh vacsaínithe HPV má tá mná óga ag baint úsáid as an tseiceáil sláinte J1. Bhí an bhaint a bhí ag an scrúdú sláinte J1 le glacadh vacsaíní HPV ní ba láidre i leanaí 12 bliana d'aois agus tháinig laghdú air de réir mar a bhíodhas ag dul in aois. Leis an toradh sin tugtar le fios go mbíonn baint dhearfach ag an tseiceáil sláinte J1 le vacsaíniú HPV i gcoitinne, agus le glacadh tráthúil vacsaíní sa spriocghrúpa sin roimh dóibh a bheith gníomhach go gnéasach. Mar sin féin, níl an tseiceáil sláinte J1 in úsáid go leordhóthanach ag déagóirí sa Ghearmáin go fóill. Tuilleadh faisnéise faoin tseiceáil sláinte J1: Tá ceart reachtúil ag gach leanbh sa Ghearmáin chun 10 U-scrúdú a dhéanamh. Tá na costais clúdaithe ag árachas sláinte. Déantar na U-scrúduithe sna chéad sé bliana den saol. Ag na coinní sin, seiceálann an péidiatraí cibé an bhfuil an leanbh ag forbairt ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois. Áirítear leis sin ábhair amhail cosaint a bhuí le vacsaíniú. Leis na U-scrúduithe cuidítear le tinnis nó moilleanna forbraíochta a bhrath ag céim luath. D'fhéadfadh cóireáil thráthúil nó tacaíocht speisialta iarmhairtí féideartha sláinte a chosc nó a laghdú ar a laghad. Le linn na hógántachta, cuirtear isteach scrúdú coiscteach breise; an J1.	
An Ghearmáin [61]	Oibrithe cúraim sláinte	Cuireadh oiliúint ar oibrithe cúraim sláinte i dteicnící agallaimh spreagthachta, lena n-áirítear péidiatraithe agus cúntóirí leighis atá ag obair i gcleachtais phríobháideacha in Bremen agus sa Bhavár, chun tacú le hothair ina gcinneadh maidir le vacsaíniú HPV. Áiríodh leis an idirghabháil measúnú ar riachtanais oiliúna na n-oibrithe cúraim sláinte, amhail cad iad na hábhair dheacra maidir le vacsaíniú HPV, trí bhithin suirbhé ionadaíoch. Forbraíodh gníomhaíochtaí oiliúna lena nasctar teicnící agallóireachta inspreagtha le topaicí vacsaínithe HPV. Fuair cleachtais phríobháideacha rannpháirteacha a) oiliúint chlasaiceach ar HPV; b) oiliúint in agallóireacht inspreagtha; nó c) ní bhfuair siad aon oiliúint. Tá meastóireacht ar acmhainneachtaí na n-oibrithe cúraim sláinte rannpháirteacha chun comhráite a stiúradh maidir le vacsaíniú HPV trí úsáid a bhaint as teicnící agallóireachta inspreagtha ar siúl tráth a cuireadh sonraí faoi bhráid ECDC i mí Dheireadh Fómhair 2024. I measc na dteorainneacha bhí deacrachtaí maidir le hoibrithe cúraim sláinte a earcú agus a chur ina luí orthu modhanna nua a fhoghlaim.	Muinín
An Rómáin	Grúpaí riosca	Tairgtear vacsaíní aisíoctha (50 % go 100 %) do roinnt grúpaí ardriosca (HPV; deilgneach; meiningeocócúil – B, ACWY; heipitíteas B), ag díriú ar dhaoine a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu. Sa Rómáin, ní raibh ionadaíocht ró-ard i gceist le vacsaíniú daoine fásta, lena n-áirítear vacsaíniú oibrithe cúraim sláinte, roimh mhí Mheán Fómhair 2023. Níor cuireadh ar fáil saor in aisce laistigh den chlár vacsaínithe náisiúnta ach vacsaíní in aghaidh COVID-19, flú, dTpa do mhná torracha agus heipitíteas B dóibh siúd nach raibh vacsaínithe agus a bhí ag dul faoi scagdhealú, agus vacsaíniú HPV do dhéagóirí ban. Ag deireadh mhí Lúnasa 2023, glacadh creat dlíthiúil nua lena rialaítear aisíocaíocht scata vacsaíní do roinnt grúpaí ardriosca, arb é is aidhm dó infhaighteacht agus glacadh vacsaíní éagsúla a mhéadú. Cuirtear cúrsaí ar fáil do sholáthraithe cúraim sláinte mar aon le feachtais chumarsáide níos fearr. Roinnt de na cúiseanna atá le glacadh íseal vacsaíní i measc grúpaí ardriosca ar leith is ea costas na vacsaíní, an deacracht a bhaineann le rochtain a fháil ar na vacsaíní, chomh maith leis an easpa molta ón ngnáthsholáthraí cúraim sláinte. Léiríodh i measúnú na hidirghabhála sin idir 2023 agus 2024 go raibh méadú ar vacsaíniú HPV. Sa chéad 10 mí de vacsaíniú a raibh aisíocaíocht ag dul ina leith, chuir ní ba mhó ná 70 000 duine tús lena scéim phearsanta vacsaínithe. Tugadh faoi deara méadú ar ghlacadh freisin maidir le vacsaíniú in aghaidh flú, go háirithe i leanaí, i gcomparáid leis an séasúr roimhe sin.	Srianta

Tábla 5. Idirghabhálacha a bhaineann le vacsaíniú in aghaidh COVID-19 agus flú

Ballstát	Spriocphobal	Tuairisc ar an idirghabháil	5Canna comhfhreagra cha
An Bhulgáir [62]	An pobal i gcoitinne, Oibrithe cúraim sláinte	Seoladh ardán oideachasúil gréasánbhunaithe “+men (+me)” maidir le vacsaíní le linn phaindéim COVID-19 d’fhonn vacsaíní in aghaidh COVID-19 a chur chun cinn agus d’fhonn freagairt d’ábhair imní maidir le vacsaíní. Ba é an aidhm a bhí leis cabhrú leis an bpobal i gcoitinne roghanna feasacha a dhéanamh maidir le vacsaíní trí eolas ó ghairmithe leighis iontaofa a chur ar fáil i dteanga simplí. Tar éis phaindéim COVID-19, cuireadh mír eile maidir leis an gclár imdhíonta iomlán leis an suíomh gréasáin. I measc na n-ábhar a chumhdaítear uirthi tá mínithe ar rioscaí ó ghalair atá inchoiscthe trí vacsaíní agus na tairbhí a bhaineann le vacsaíní, chomh maith le faisnéis maidir le sábháilteacht agus rochtain ar vacsaíní. Déantar idirdhealú idir an fhaisnéis a chuirtear ar fáil do ghrúpaí éagsúla laistigh den phobal i gcoitinne de réir a gcuid riachtanas. San fhaisnéis atá dírithe ar oibrithe cúraim sláinte tá ábhar eolaíochtbhunaithe maidir leis na tairbhí a bhaineann le vacsaíní, faisnéis maidir le saintréithe vacsaíne agus taifeadtaí seimineár gréasáin ar spéis le gairmithe iad. Ar an gcaoi sin, tá sé mar aidhm ag an tionscadal feabhas a chur ar a n-ullmhacht d’fhonn imdhíonphróifíolacsas a chur i bhfeidhm ar an mbealach is fearr agus freagairt d’ábhair imní a n-othar.	Ríomh, Trédhearcacht, Muinín
An Danmhairg [63,64]	Pobail atá leochaileach go sóisialta	Le linn an chláir vacsaínithe in aghaidh phaindéim COVID-19, cuireadh chun feidhme roinnt idirghabhálacha rannpháirtíochta pobail, lena n-áirítear vacsaíní roimh ré agus comhroinnt faisnéise, chun teagmháil a dhéanamh le pobail a bhí leochaileach go sóisialta agus a raibh i gceist leo glacadh vacsaíní níos ísle ná an meán. Tá liosta de na roghanna sin thíos: Bhunaigh Comhairle Dídeanaithe na Danmhairge beolíne óna bhféadfadh saoránaigh a bhfuil cúlra mionlaigh eitnigh acu freagraí a fháil ar a gcuid ceisteanna faoi vacsaíní COVID-19 ina dteanga dhúchais agus ó fhostaithe a bhfuil tuiscint agus léargas acu ar a gcúlra cultúrtha. Rinne líonra dochtúirí ó chúlaí mionlaigh tobvacsaíní i gceantair áitiúla an spriocghrúpa. Bhí gairmithe sláinte ón gCór Idirphlé Sláinte i láthair ag láithreacha tobvacsaínithe, e.g. ag scoileanna, ag ardscoileanna agus in áiteanna poiblí, in ionaid oibre agus ag imeachtaí cultúrtha, d’fhonn faisnéis a roinnt agus freagraí a thabhairt ar cheisteanna.	Srianta, Muinín
		D’fhorbair an Fhondúireacht um Fhreagracht Shóisialta ábhair faisnéise arna ndáileadh ag “ambasadóirí” deonacha ceantair a bhí ionadaíoch ó thaobh chomhdhéanamh an spriocghrúpa de i dtaca le hinscne agus cúlra eitneach. Cuireadh vacsaíní roimh ré ar fáil d’fhostaithe a bhí ag obair i siopaí sraithe, áit ar chuir an eagraíocht a ndéanann ionadaíocht ar na siopaí saoráidí agus pearsanra ar fáil, lena n-áirítear seastáin vacsaínithe i dtrádstórais. Thairg an Chrois Dhearg tionlacan vacsaínithe do shaoránaigh leochaileacha i ngach bardas agus bhí sí i láthair ag suíomhanna vacsaínithe. Mar thoradh ar an gcomhar leis an gcomhlachas tithíochta sóisialta (“Danmarks Almene Boliger”), cuireadh a bhfostaithe agus a gcónaitheoirí ar an eolas faoi vacsaíní trí ailt agus trí chainéil eile meán. Rinneadh meastóireacht cháilíochtúil ar an taithí a fuarthas ó na hiarrachtaí spriocdhírthe. Cé nárbh fhéidir cúisíocht a shuí, léiríodh i sonraí faireacháin ar an leibhéal áitiúil méadú ar chumhdach vacsaínithe ón tréimhse roimh na hiarrachtaí spriocdhírthe go dtí an tréimhse tar éis na n-iarrachtaí spriocdhírthe. Ceahct tábhachtach ba ea é nach n-éiríonn chomh maith céanna le suíomhanna vacsaínithe aníos mura bhfuil iarracht shuntasach ag	

		gabháil leo maidir le rannpháirtíocht an phobail agus comhroinnt faisnéise.	
An Eastóin	Daoine scothaosta, Grúpaí riosca	Seoladh teachtaireachtaí pearsantaithe meabhrúcháin maidir le vacsaíniú flú agus COVID-19 trí fhóin phóca ón gCiste Árachais Sláinte chuig daoine scothaosta agus chuig grúpaí riosca eile. Sainithníodh daoine aonair a thagann faoi na spriocgrúpaí riosca do fhliú agus do COVID-19, agus bunaíodh córas teachtaireachtaí fón póca chun meabhrúcháin tráthúla a sheoladh chuig grúpaí sainaitheanta le faisnéis maidir le cathain agus cá háit ar cheart dóibh vacsaín a fháil. Ceapadh an idirghabháil sin mar gheall ar an ngá a bhí ann i dtaca le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna maidir le cathain, cá háit agus cé ba cheart a bheith vacsaínithe, agus feachtais reatha ar na meáin shóisialta agus thraidisiúnta a fhorfheidhmiú an athuair. Cuireadh tús leis an idirghabháil dhá bhliain ó shin agus bíonn sí fós ar siúl an lá ata inniu ann le linn an tséasúir flú. Bhí an t-aiseolas neamhfhoirmiúil a fuarthas ón bpobal i gcoitinne agus ó oibrithe sláinte dearfach, agus tugadh le fios gur beart cuimsitheach é seo a bhfuil sé mar aidhm leis glacadh vacsaíní a fheabhsú.	Srianta, Trédhearcacht
An Fhionlainn	Leanaí (6 bliana d'aois agus faoina bhun), Tuismitheoirí/Cúramóirí	Rinneadh tionscnamh chun vacsaíní in aghaidh flú a chur ar fáil in ionaid cúraim lae le vacsaínitheoirí ó ionaid sláinte bhardasacha. I measc na spriocgrúpaí le haghaidh vacsaínithe bhí leanaí 5 bliana d'aois agus faoina bhun, chomh maith le leanaí 6 bliana d'aois a chaitheann am i gcúram lae roimh an réamhscoil agus ina diaidh, agus a dtuismitheoirí agus a gcúramóirí, más baill de ghrúpaí riosca iad. Reáchtáladh an idirghabháil in Etelä-Savo sa tréimhse ó 2020 go 2022. Ba é an aidhm a bhí leis leanaí agus an pobal a chosaint ar fhliú, ar féidir leis scaipeadh go han-éasca, go háirithe i dtimpeallachtaí dúnta amhail ionaid cúraim lae. Cuireadh póstaear ar bun sna hionaid cúraim lae d'fhonn tuismitheoirí a chur ar an eolas go raibh vacsaíniú á thairiscint, gan aon mhargaíocht bhreise a bheith ag teastáil. Ní raibh aon choinní ar leith ag teastáil de thairbhe go raibh an vacsaíniú á dhéanamh agus an leanbh á bhfágadh nó á bpiocadh suas ón ionad cúraim lae. Bhíodhas in ann teagmháil a dhéanamh le go leor teaghlach a raibh leanaí acu gan mórán acmhainní a chur ar fáil, agus méadaíodh mar sin an cumhdach vacsaínithe go háitiúil.	Srianta, Trédhearcacht
An Fhionlainn	An pobal i gcoitinne, Daoine fásta (18 mbliana d'aois agus níos sine)	In go leor cathracha, mar shampla in Espoo agus in Tampere, cuireadh vacsaíní ar fáil in ionaid mhóra siopadóireachta. Tháinig an fhoireann ó ionad cúraim sláinte an bhardais/na cathrach lenar bhain, agus dáileadh vacsaíní ón lárionad cógaisíochta áitiúil/ón gcógaslann ospidéal. Measadh go raibh ionaid siopadóireachta lonnaithe go lárnach agus inrochtana go héasca, rud a d'fhág gur áit áisiúil a bhí iontu chun vacsaíní a thabhairt. Nuair a thairgtear vacsaíní i láithreacha a bhfuil rochtain fhurasta orthu, is féidir cumhdach vacsaínithe a mhéadú agus cabhrú le pobail a chosaint ar fhliú agus ar COVID-19, trí am agus iarracht daoine aonair a shábháil. Má fhaigheann tú vacsaín i dtimpeallacht a n-aithníonn tú, amhail ionad siopadóireachta, is féidir an strus agus an imní a bhaineann le nósanna imeachta leighis a laghdú. Mar gheall ar an trácht ard custaiméirí in ionaid siopadóireachta, is féidir vacsaíní a thabhairt do líon mór daoine laistigh de thréimhse ghearr. Mar sin féin, ní mór imeachtaí vacsaínithe a eagraítear in ionaid siopadóireachta a phleanáil agus a eagrú chun a chinntiú go ngabhann gach rud go sábháilte agus go héifeachtach. Trí phlé a dhéanamh le rannpháirtithe i gceantair inar cuireadh é sin chun feidhme sa tréimhse ó 2020 go 2022, ba léir go raibh na cónaitheoirí sna ceantair sin sásta leis. Níor ghá do dhaoine planáil roimh ré chun vacsaín a fháil, toisc go ndearnadh an vacsaíniú agus iad amuigh i mbun a dteachtaireachtaí cheana féin.	Srianta
An Ghréig [65]	Pobail atá ina gcónaí i gceantair iargúlta, Pobail	Ó mhí Eanáir 2021 i leith, cuireadh go leor gníomhaíochtaí chun feidhme d'fhonn rochtain ar vacsaíniú COVID-19 a éascú do gach saoránach. Cuireadh an clár imdhíonta chun feidhme i gceantair iargúlta agus ar oileáin trí ionaid vacsaínithe bhreise a chur ar bun.	Srianta

	atá leochaileach go sóisialta	Forbraíodh an clár vacsaínithe sa bhaile, lena n-áirítear dochtúirí príobháideacha agus aonaid imdhíonta shoghluaiste, chun vacsaíniú a éascú dóibh siúd nach raibh in ann ionad vacsaínithe a bhaint amach, lena n-áiríodh grúpaí leochaileacha den daonra, amhail dídeanaithe, imircigh agus Romaigh. Chun tacú leis an tionscadal sin, forbraíodh feidhmchlár bogearraí nua le haghaidh pleanáil agus clárú ceapachán ag dochtúirí príobháideacha agus Lárionaid Sláinte. Bailíodh sonraí vacsaínithe trí chlárann leictreonach vacsaínithe (IIS) a chur chun feidhme den chéad uair.	
Éire [66]	Gairmithe cúraim sláinte, Mná torracha	Bhí sé mar aidhm leis an idirghabháil cur le glacadh vacsaínithe i measc mná torracha trí fhreagairt dá gceisteanna agus dá n-ábhair imní, agus béim á leagan ar ábhair agus oiliúint a fhorbairt do mhná cabhracha. Bunaíodh fóram náisiúnta chun cloisteáil le hábhair imní na mban iad a thuiscint, agus chun ábhair a fhorbairt i gcomhar le teagascóirí na mban cabhrach, lena n-áirítear físeáin chun tacú le mná cabhracha ina gcumarsáid le hothair. Is guthanna iontaofa iad mná cabhracha a mbíonn tionchar acu ar thacaíocht a thabhairt do mhná le linn a dtóirchis. Ina theannta sin, reáchtáladh seimineáir ghréasáin rialta le hoibrithe sláinte pobail chun tacú leo ina ról mar phríomhtheachtairí don chlár vacsaínithe COVID-19, ionas gur féidir leo aghaidh a thabhairt go tapa ar cheisteanna le fíricí agus le tacaíocht. Rinneadh obair chomhoibríoch le heagraíochtaí neamhrialtasacha a dhéanann ionadaíocht ar phobail leochaileacha, amhail an lucht siúil (e.g. Pavee Point), agus le gairmithe cúraim sláinte chun físeáin a fhorbairt le comhairle shoiléir chruinn i 10 dteanga. Cuireadh an vacsaín ar fáil i suíomhanna cógaslainne agus i roinnt suíomhanna máithreachais. Reáchtáladh na gníomhaíochtaí le linn na tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2021 in ospidéal máithreachais agus i gcógaslanna. Sholáthair roinnt seirbhísí máithreachais clinici vacsaínithe i suíomhanna máithreachais, agus bhí ráta glactha ard i gceist leo. Mar chuid den idirghabháil, bhí glacadh arbh fhiú 58 % é i measc othair chónaitheacha thorrracha agus glacadh arbh fhiú 77 % é i measc a gcomhpháirtithe.	Muinín, Srianata
Éire [67]	Pobail atá leochaileach go sóisialta	Ó 2021 go 2023, bunaíodh fóram pobail d'eagraíochtaí imirceach d'fhonn nuashonruithe a roinnt maidir le clár vacsaínithe COVID-19, chun a riachtanais a thuiscint agus chun tacú lena n-iarraí ar thacaíocht. In 2022, ba shaoránaigh neamh-Éireannacha iad beagnach 12 % de dhaonra na hÉireann. Ba é an sprioc tacú le gach duine a bhí ina gcónaí in Éirinn a bhí incháilithe do vacsaíniú COVID-19 agus tuiscint a fháil ar na riachtanais a bhí acu i ndáil le faisnéis, teanga, formáid na faisnéise agus an chaoi a labhraímid faoi vacsaíní agus a dtugaimid aghaidh ar ábhair imní agus ar cheisteanna maidir leo. I measc na ngníomhaíochtaí bhí cruinniú míosúil ar líne le grúpaí pobail chun cloisteáil lena n-ábhair imní agus chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhí á bhfáil acu ó bhaill an phobail, maille le nuashonrú seachtainiúil ar ghníomhaíocht feachtais ón tseirbhís sláinte a roinneadh le grúpaí ar leith ar an ríomhphost chun bheith in ann iad a roinnt lena mbaill. Cuireadh oiliúint agallóireachta inspreagtha oiriúnaithe ar fáil don phobal freisin. Cuireadh méid beag maoinithe ar fáil do ghrúpaí pobail chun ábhair a fhorbairt dá bpobail.	Srianata, Muinín
Éire [68]	An pobal i gcoitinne, Pobail atá leochaileach go sóisialta	Ba é an sprioc a bhí ann an vacsaín in aghaidh COVID-19 a chur ar fáil don oiread daoine agus ab fhéidir agus an t-ualach galair a laghdú. I measc na ngníomhaíochtaí atá ar siúl ó 2021 i leith tá clinici sa phobal, comhairle a chur ar fáil faoi na rioscaí a bhaineann le galar COVID-19 agus na tairbhí a bhaineann le vacsaíniú in aghaidh COVID-19, agus deiseanna iomadúla chun vacsaíniú in aghaidh COVID-19 a fháil. Tugadh aird ar leith orthu siúd atá ina gcónaí i suíomhanna comhchónaithe trí vacsaíní a chur ar fáil sna suíomhanna sin (e.g. dóibh siúd atá i bpríosúin, i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh, agus do dhídeanaithe atá ag lorg tearmainn) agus dóibh siúd ar baill de phobail leochaileacha iad (e.g. iad siúd a bhaineann úsáid as seirbhísí do dhaoine gan dídean). Tugadh rochtain ar vacsaíniú in aghaidh COVID-19 freisin i suíomhanna ina raibh ráigeanna ag tarlú,	Srianata

		mar shampla in áiseanna pacála feola. Cuireadh clinici vacsaínithe móibíleacha ar fáil i suíomhanna pobail inrochtana agus in ionaid siopadóireachta. Tá vacsaín ar fáil saor in aisce do dhaoine incháilithe i gcógaslanna rannpháirteacha agus i gclínici dochtúirí ginearálta freisin. Maolú ráigeanna a bhí mar thoradh ar ghlacadh ard vacsaínithe. Cothaíodh muinín le pobail trí na hábhair imní a bhí acu a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu. Bhí inrochtaineacht vacsaínithe ina mhórphointe agus breithniú á dhéanamh ar an gcaoi ar cheart clinici vacsaínithe a bhunú. Seoladh teachtaireachtaí téacs agus meabhrúcháin ríomhphoist chuig grúpaí incháilithe freisin.	
An Liotuáin [69]	Gairmithe cúraim sláinte	Idirghabháil chun vacsaíniú grúpaí riosca in aghaidh COVID-19 a mhéadú trí dhreasacht airgeadais a chur san áireamh do ghairmeacha cúraim sláinte d'fhonn daoine atá i mbaol a ghríosú vacsaíniú in aghaidh fliú séasúrach agus COVID-19 araon a thabhairt cothrom le dáta le linn na cuairte céanna. I measc na ngrúpaí riosca a mholtar a vacsaíniú tá iad siúd ar a bhfuil galair ainsealacha, iad siúd atá os cionn 65 bliana d'aois, oibrithe cúraim sláinte, daoine aonair atá ina gcónaí i dtithe altranais, agus mná torracha. Is féidir vacsaín in aghaidh COVID-19 a thabhairt ag gach saoráid cúraim sláinte phearsanta ina bhfuil teacht ar vacsaíní COVID-19, agus ní gá go dtabharfaí í ag an tsaoráid cúraim sláinte phearsanta ina bhfuil an duine cláraithe. Déantar clárú le haghaidh vacsaínithe tríd an gCóras Réamhchlárúcháin Othar (IPR IS), agus tá vacsaíniú COVID-19 saor in aisce do chách.	Srianta
An tSlóvaic [70]	Grúpaí atá leochaileach go sóisialta	Reáchtáladh feachtas chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar vacsaíniú i gcoinne COVID-19 a bhaineann go sonrach le ceantar Rožňava, limistéar ina bhfuil sráidbhailte atá scartha óna chéile agus ar lú a ndaonra, agus é mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis agus ar fheasacht íseal ar na tairbhí a bhaineann le vacsaíniú. Ba ghrúpaí imeallaithe agus mionlaigh iad na príomh-spríocghrúpaí, i.e. Romaigh agus mionlach Ungárach. Reáchtáladh an feachtas le linn na tréimhse idir mí na Bealtaine 2021 agus mí an Mhárta 2022, agus is éard a bhí i gceist leis foirne móibíleacha vacsaínithe a thug cuairt ar bhailte, ar bhardais bheaga, ar ionaid oibre agus ar theaghlaigh, agus a bhuail le hionadaithe ó shuíomhanna ina raibh rátaí ísle vacsaínithe, agus laethanta vacsaínithe breise a reáchtáil in ospidéal. Cuireadh líne theileafóin ar bun chun clárú le haghaidh vacsaínithe agus chun ceisteanna maidir le vacsaíniú a fhreagairt. Cuireadh faisnéis spriocdhírthe ar fáil trí bhileoga a bhí ar fáil in iliomad teangacha, i míreanna teilifíse, ar leathanach gréasáin feachtais agus i bpostálacha ar na meáin shóisialta. Ba é toradh na hidirghabhála sin rátaí vacsaínithe méadaithe ó 21 % i mí na Bealtaine 2021 go 42 % i mí an Mhárta 2022 i gceantar Rožňava, le hathrú ó 13 % go 60 % i mbardais éagsúla. Léirigh oifigí sláinte poiblí réigiúnacha eile sa tSlóvaic gur spéis leo léargais ón tairbhí sin a chur i bhfeidhm dá ngníomaíochtaí féin.	Muinín, Srianta, Réchúis
An tSualainn	Grúpaí riosca	Aithnítear daoine aonair idir 18 agus 64 bliana d'aois a bhaineann leis na grúpaí riosca leighis maidir le vacsaíniú fliú trí ríomhthaifid sláinte (bunaithe ar chóid ICD-10). Seoltar faisnéis faoi vacsaíniú in aghaidh fliú séasúrach chuig na daoine sin i bhfoirm litreach chuig a seoladh baile. Déantar é sin gach bliain roimh an bhfeachtas vacsaínithe in aghaidh fliú séasúrach. Tríd an bhfaisnéis a chur ar fáil go díreach dóibh siúd lena mbaineann, is féidir leis an bhfoireann cúraim sláinte iad a spreagadh agus, ar an gcaoi sin, an cumhdach a mhéadú.	Srianta
An Rómáin	An pobal i gcoitinne, Grúpaí riosca	Cuireadh vacsaíniú in aghaidh fliú ar fáil i gcógaslanna pobail mar aon le clár oiliúna do chóigaiseoirí chun vacsaíniú in aghaidh fliú a chur chun cinn agus a sholáthar. Údaráidh cógaslanna chun vacsaíniú in aghaidh fliú a chur ar fáil, agus cuireadhchun cinn cógaslanna ina raibh an tseirbhís ar fáil. Sa Rómáin, tá glacadh vacsaíní in aghaidh fliú íseal i measc grúpaí atá i mbaol agus i measc an phobail i gcoitinne araon. Ba é ab	Srianta

		aidhm leis an idirghabháil sin, lenar cuireadh tús in 2022/2023, rochtain ar vacsaíniú in aghaidh fliú a mhéadú, go háirithe don phobal i gcoitinne, agus scaipeadh víreas fliú i measc an phobail a laghdú. Cuireadh oiliúint ar tuilleadh cógaiseoirí. Tháinig méadú freisin ar líon na gcógaslann a cláraíodh, chomh maith le líon na vacsaíní in aghaidh fliú a rinneadh i gcógaslanna.	
--	--	---	--

Tábla 6. Idirghabhálacha maidir le vacsaíniú in aghaidh galair eile (m-bholgach, triuch)

Ballstát	Spriocphobal	Tuairisc ar an idirghabháil	5Canna comhfhreagracha
An Fhionlainn [71]	Grúpaí riosca m-bholgaí	In 2022, tugadh an vacsaín m-bholgaí do bhaill foirne HIV Point ina gcuid saoráidí. Is í Fondúireacht VEID na Fionlainne a bhainistíonn HIV Point agus tá sé mar aidhm leis sláinte, folláine agus comhionannas a chur chun cinn dóibh siúd is mó atá thíos le VEID trí dhíriú ar VEID agus ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha eile a chosc. Cuirtear seirbhísí tástála, tacaíochta agus comhairleoireachta ar fáil dóibh siúd a bhfuil VEID orthu maille le hionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha eile. Is féidir le daoine aonair vacsaín a fháil go hanaithnid agus faisnéis a fháil freisin faoi VEID agus heipitéas B. Bhí daoine aonair sásta leis an tseirbhís. Mheas siad gur áit shábháilte é HIV Point ina bhféadfaí daoine sa ghrúpa riosca a vacsaíniú gan aird a tharraingt orthu féin ná gan iad a stiogmatú.	Srianta
An Iorua [72,73]	Mná torracha, Oibrithe cúraim sláinte máthartha	San idirghabháil, díriodh ar oiliúint a chur ar oibrithe cúraim sláinte maidir le mná torracha a vacsaíniú i gcoinne treacha. I measc na ngníomhaíochtaí bhí treoirilínte cúraim réamhbhreithe a oiriúnú, vacsaíniú máthartha a chur le curaclam do mhná cabhracha, leasú rialála chun cearta foréilimh vacsaíní a thabhairt do mhná cabhracha, agus soiléirithe dlíthiúla maidir le faireachas leordhóthanach ar chumhdach vacsaínithe, éifeachtacht agus sábháilteacht (i.e. rochtain dhlíthiúil ar shonraí pearsanta ó roinnt clárlanna sláinte lárnacha). Cuirtear an idirghabháil i gcrích ar fud na tíre agus riartar í le linn na gnáthsheiceála réamhbhreithe ag seachtain 24 de thoircheas. Tairgtear vacsaíniú cúitimh dóibh siúd atá níos faide ar aghaidh ná seachtain 24 ag an gcéad tseiceáil eile ar a gcaoithiúlacht féin. Rinneadh suirbhéanna ar dhearcthaí, ar rúin agus ar riachtanais faisnéise oibrithe cúraim sláinte agus mná torracha maidir le vacsaíniú in aghaidh triuch máthartha d'fhonn bonn eolais a chur faoi phleanáil na hidirghabhála. Thairis sin, bhí ceardchumainn oibrithe cúraim sláinte rannpháirteach inti agus seoladh litreacha chuig bardais freisin roimh a cur chun feidhme agus lena linn. Cuireadh tús lena cur chun feidhme i mí na Bealtaine 2024. Le linn na chéad sé mhí den idirghabháil, vacsaíníodh 27 058 mbean thoracha sa spriocghrúpa – rud a d'fhág go raibh ráta cumhdaigh measta de 69 % ann.	Muinín, Srianta

Tábla 7. Idirghabhálacha iltíre arna maoiniú ag an Aontas nó arna maoiniú go páirteach aige

Tíortha	Spriocphobal	Tuairisc ar an idirghabháil	5Canna comhfhreagra cha
An Fhrainc, an Ghearmáin, an Rómáin, an Ríocht Aontaithe [36,74]	Oibrithe cúraim sláinte	Is tionscadal arna mhaoiniú ag Fís 2020 de chuid an Aontais é JITSUVAX (Jú-jlotsú le mífhaisnéis in aois COVID-19) arna chomhordú ag Ollscoil Bhriostó i gcomhar le cúig institiúid de chuid an Aontais eile chomh maith le ceann amháin i gCeanada. Bhí an tionscadal ar siúl sa tréimhsé ó mhí Aibreáin 2021 go dtí mí an Mhárta 2025. Forbraíodh agus tástáladh creat ceithre chéim chun feabhas a chur ar chomhráite maidir le vacsaíní idir oibrithe cúraim sláinte agus an pobal, ar a dtugtar teicníc na hagallóireachta bréagnaithe chomhbhách (teicníc ERI), trí staidéir arna gcur i gcrích ar líne le daoine den phobal a bhfuil imní orthu faoi vacsaíní, agus ansin cuireadh chun feidhme é mar idirghabháil oiliúna sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Rómáin. Áiríodh leis an idirghabháil oiliúint a chur ar oibrithe cúraim sláinte maidir le teicníc ERI a úsáid agus measúnú a dhéanamh ar thionchar mhúineadh na teicníce sin ar scileanna agus ar mhuinín oibrithe cúraim sláinte, agus ar an tionchar a n-imrítear ina dhiaidh sin ar mhuinín, ar dhearcthaí agus ar ghlacadh vacsaínithe ag othair. Is í agallóireacht inspreagtha dúshraith theicníc ERI ach, ar a bharr sin, is é is aidhm di dul i ngleic go díreach leis an mífhaisnéis faoi vacsaíní chomh maith. Cuireadh an idirghabháil i gcrích sa tréimhse ó 2022 go 2024. Fuarthas amach sa tástáil ar líne go raibh daoine a raibh imní orthu faoi vacsaíní ní ba ghabhálaí d'oibrí cúraim sláinte trí úsáid a bhaint as cur chuige theicníc ERI ná cur chuige rialaithe an fhrithmháimh dhírigh fhórasaigh i gcoinne míthuiscintí maidir le vacsaíní. Fuarthas amach in idirghabhálacha oiliúna i ngach ceann de na ceithre thír lenar bhain gur mhéadaigh oiliúint i dteicníc ERI scileanna agus muinín gairmithe cúraim sláinte i dtaca le comhráite a bheith acu faoi vacsaíní agus i dtaca le haghaidh a thabhairt ar mífhaisnéis. Fuair idirghabháil theicníc ERI tacaíocht pháirteach ó dheontas Fís 2020: an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 964728 (JITSUVAX).	Muinín, Ríomh
